Tá Cód Cleachtais forbartha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) chun tacú le comhlachtaí poiblí a gcuid oibleagáidí reachtúla faoi mhíreanna 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas, 2005 a chomhlíonadh. Beifear ag cloí leis na forálacha cuí den Acht fad is go mbeifear ag cloí leis an Chód seo.

Léirigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí trí ionstraim reachtúil (I.R. Uimh. 163 de 2006) go bhfuil Cód ÚNM, a bhaineann le míreanna 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas, 2005 le bheith mar an Cód Cleachtais údaraithe.

Mhol an Príomhaturnae Stáit gur chóir do gach comhlacht poiblí lena mbaineann forálacha an Chóid glacadh leis na forálacha sin amhail is dá mba forálacha reachtúla iad.

Bainfidh an Roinn úsáid as Cód Cleachtais ÚNM mar threoir s'aici i dáil le comhlíonadh leis an Acht.

Cinntoidh an Roinn go dtabharfaidh a cuid Pleananna Gnó, trasna gach réimse gnó, cuntas ar an obair a bhaineann le comhlíonadh lena cuid oibleagáidí faoin Acht um Míchumas, 2005.

### **Príomhimeachtaí**

I measc na bpríomhimeachtaí atá ag dul ar aghaidh faoi láthair nó a tharla cheana chun a chinntiú go mbeifear ag cloí leis an Acht tá:

- Sainithníodh na páirtithe leasmhara laistigh den Roinn agus taobh amuigh di. Ceapadh páirtithe áirithe chun bearta riachtanacha inmheánacha a chur i gcrích, fad is gur ceapadh páirtithe eile chun ionchur a dhéanamh agus chun rudaí eile a chur ar fáil.
- Déanfar athbhreithniú ar na nósanna imeachta soláthair chun a chinntiú go gcloífeadh le sainriachtanais an Achta um Míchumas i ndáil le hearraí agus seirbhísí a fháil, agus i gcás go leagfar coinníollacha teicniúla amach in aon phróiseas soláthair, go gcuirfidh siad critéir inrochtaineachta do dhaoine mhíchumasacha san áireamh an oiread agus is feidir.
- Déanfar an Chairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí a uasdhátú chun bearta a chur san áireamh chun cloí leis an cheanglas atá ar an Roinn faoin Acht a thacaíonn leis an chustaiméir inmheánach agus seachtrach araon.
- Bainfeadh úsáid as an chéad suirbhé eile ar sheirbhís custaiméara chun aon fhálaigh a d'fhéadfadh bheith ann i dtéarmaí soláthar seirbhíse, agus déanfar socruithe ionas go dtabharfar aghaidh ar na nithe sin faoi réir an Chóid Cleachtais um Inrochtaineacht.
- Déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an dóigh a bhfuil an Roinn ag cloí leis an sprioc chun daoine míchumasacha a fhostú agus an méid sin a thuiriscíú de réir mar is cuí faoi Dul Chun Cinn a Choinneáil. Leanfaidh an próiseas sin ar aghaidh agus tabharfar tuarascálacha don ÚNM de réir mar is gá faoin Acht.

### **Anailís ar Thionchar Rialaitheach**

Tá an Roinn ag dul úsáid a bhaint as Anailís ar Thionchar Rialaitheach (ATR) mar chur chuige um chomhairliúchán faoi réir na dTreoirínte a d'eisigh Roinn an Taoisigh i nDeireadh Fómhair 2005. Tá úsáid á baint as ATR i dtaca leis na moltaí ar fad do reachtaíocht phríomhúil ina mbeidh athruithe don chreatlach rialaitheach, na príomhlonstraimí Reachtúla ar fad agus gach treoir agus riail atá molta ag an AE.

### **Ráitis Straitéise a ullmhú**

Tugann an Roinn le fios ina cuid Ráitis Straitéise an dóigh a gcloifidh sí le ceanglais an Achta Um Míchumas. Tá cur chuige na roinne bunaithe ar na treoirínte ginearálta a d'eisigh Roinn an Taoisigh maidir leis an dóigh ar chóir Ráitis Straitéise a ullmhú.

## Dleathach

Forálann an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis reatha Straitéise agus gur chóir iad a uasdhátú tráth nach déanaí ná trí bliana i ndiaidh ullmhú na ráiteas deireanach nó laistigh de shé mhí i gcás go gceapfar Bainisteoir Nua. Tá sé de dhualgas ar Rúnaithe Ginearálta agus Ceannairí Oifige faoi Mhír 4 den Acht a ritheadh i 1997 ráitis a thabhairt d'Airí laistigh de shé mhí i ndiaidh den Aire tús a chur lena d(h)ualgas.

Go bunúsach, is éard is Ráiteas Straitéise ann doiciméad a dhíríonn ar an am atá le teacht agus a fheidhmíonn mar chreat le haghaidh gníomhaíochta thar cheann na Roinne/hOifige. Cé go ndíríonn an ráiteas, den chuid is mó, ar an dóigh a gcuirfear príomhspríocanna na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i bhfeidhm, ba chóir go mbeadh sé i gcomhréir le príomhthionscnaimh an Rialtais a bhaineann le roinnt Ranna agus Oifigí nó iad uile. I measc na dtionscnamh sin, tá ceanglais an Achta um Míchumas, 2005 i ndáil le comhlachtaí poiblí agus treoirlínte cuí arna eisiúint ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, go háirithe a Chód Cleachtas um Inrochtaineacht na Seirbhíse Poiblí.

## Idir-rannach

Beidh Ráitis Straitéise i gcomhréir leis an chur chuige idir-rannach atá ann chun cúrsaí míchumais a chur chun cinn. Aibhseoidh siad an méid sin agus sainaitheoidh siad na comhlachtaí cuí faoi choimirce na Roinne chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo. Más gá, beidh ráitis i gcomhréir leis na tosaíochtaí aontaithe a shainaitheoidh an Coiste Comh-aireachta cuí; is féidir leis na coistí sin feidhmiú mar fhóram chun breithniú

a dhéanamh ar phríomh-shaincheisteanna trasrannacha agus na Ráitis Straitéise á n-ullmhú.

## Na Páirtithe Leasmhara

Agus na Ráitis Straitéise á n-ullmhú, cuirfear tuairimí na ngrúpaí seo a leanas san áireamh: custaiméirí, comhlachtaí ionadaíocha agus comhairliúcháin agus páirtithe leasmhara. Tá tábhacht ag baint le comhairliúchán leis an ÚNM agus déanfar tagairt shoiléir dó sin sna Ráitis. Léireoidh na Ráitis go soiléir cad é mar a measadh dúil agus riachtanais na gcustaiméirí (lena n-áirítear custaiméirí inmheánacha). Bunófar measúnú ar thaighde ar riachtanais na gcustaiméirí agus, más féidir, buntacóidh comhairliúchán leis an chustaméir leis na Ráitis Straitéise agus cuideoidh sé le hiad a ullmhú. Chuige sin, léireoidh na ráitis nasc soiléir idir Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus forbairt spríocanna ábhartha.

## Fostaíocht

I láthair na huaire, tá sé mar sprioc ag an Státseirbhís 3% dá cuid post a thabhairt do dhaoine míchumasacha, sprioc a leag an tAire Airgeadais síos. Faoi láthair, tá 5.4% d'fhoireann na Roinne seo cláraithe mar dhaoine míchumasacha. Is é an aidhm ata againn coinneáil le sprioc an Rialtais i dtaca le fostaíocht de agus cur leis.

### **Socruithe Monatóireachta**

Laistigh de shé mhí d'fhoilsíú an Phlean, bunóidh an Roinn coiste ar a mbeidh daoine míchumasacha, an ÚNM agus na hEarnálacha a chlúdaítear sa Phlean, chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a gcuirfear i bhfeidhm é. Beidh téarmaí tagartha ar leith ag an choiste mar aon le socruithe i dtaca le tuairiscí a chur ar fáil . Leanfaidh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha le páirt a ghlacadh i gcomhordú idir-rannach agus le monatóireacht ar struchtúir don Straitéis Náisiúnta Míchumais, lena n-áirítear na Pleananna Earnálacha faoin Acht um Míchumas, 2005. Lena chois sin, glacfaidh sí páirt sna socruithe a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh gaol ar bhonn leanúnach ann le páirtithe leasmhara i ndáil le dul chun cinn ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais ina iomláine. Mar chuid de sin, beidh cruinnithe dhá uair sa bhliain idir oifigigh shinsearacha agus páirtithe leasmhara eile de réir na dtiomantas atá sa chomhaontú um pháirtíocht shóisialta, "I dTreo 1916".

## 3. Cúrsaí Craolacháin

### Cad chuige a bhfuil sé seo tábhachtach?

I dtaca le cúrsaí craolacháin, tá an Roinn freagrach as polasaithe a fhorbairt ina ndéantar freastal ar riachtanais na gcustaméirí uile. Tá freagracht ollmhór ar na Comhlachtaí Stáit san earnáil atá ag rialáil sheirbhís craolacháin an Stáit agus na soláthraithe neamhspleácha seirbhíse i dtaca le caighdeán agus inrochtaineacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal ina iomláine.

### An Dóigh a bhfuil Cúrsaí Faoi Láthair

Tá an Roinn freagrach as dhá chomhlacht Stáit san Earnáil Chraolacháin. Rialaíonn Coimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ) an earnáil neamhspleách, fad is go rialaíonn Údarás RTÉ seirbhísí RTÉ.

### Coimisiún Craolacháin na hÉireann

Eagraíocht reachtúil neamhspleách is ea Coimisiún Craolacháin na hÉireann agus tá sé freagrach as roinnt príomhréimsí gníomhaíochta i dtaca le seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn de bharr fhorálacha an Achta Raidió agus Teilifíse, 1988 agus an tAcht Craolacháin, 2001.

### Oibleagáidí a Forchuireadh ar CCÉ

I meascphríomhfheidhmeanna an Choimisiúin tá: ceadúnú seirbhísí neamhspleácha craolacháin lena n-áirítear an ceadúnú a dhéanfar ar sheirbhísí breise teilifíse atá ar chórais dhigiteacha, chabla, MMDS agus satailíte; cóid agus rialacha a fhorbairt i dtaca le clárú agus caighdeán fhógraíochta agus

monatóireacht a dhéanamh ar gach seirbhís atá ceadúnaithe chun a chinntiú go gcloífidh lucht na gceadúnas lena gcuid dualgas reachtúil agus le téarmaí a gcuid conarthaí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn CCÉ tacaíocht riaracháin don Choimisiún um Ghearáin Chraolacháin.

### CCÉ ag cloí le Forálacha Áirithe den Acht um Míchumas, 2005

#### Alt 25

Rinne CCÉ a cheanncheathrú a athchóiriú sa bhliain 2003. Tá CCÉ sásta go gcloíonn oifigí s'aige le Cuid M de na rialacháin tógála agus go bhfuil siad go hiomlán inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.

Lena chois sin, chuir CCÉ san áireamh na saincheistean a bhaineann le daoine míchumasacha ina Ráiteas Sábháilteachta agus ina Pholasaí um Oibriú i d'Aonar.

#### Alt 26

Tá na seirbhísí ar fad a sholáthraíonn CCÉ/CGC (Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin) ar fáil ó dhaoine, tríd an phost agus go leictreonach. Cinntíonn sé sin go bhfuil an rochtain is forleithne ann. Ceann de na nithe is tábhachtaí i dtaca le himeachtaí a reáchtáil taobh amuigh de cheanncheathrú CCÉ ná rochtain do dhaoine míchumasacha.

Ceapadh Oifigeach Eolais CCÉ mar Oifigeach Rochtana chun críche an Achta seo. Tabharfar le fios cé a ceapadh ar láithreán gréasáin CCÉ.

**Alt 27**

Tá sé riachtanach go bhfuil daoine míchumasacha in ann rochtain iomlán a fháil ar na hearraí agus na seirbhísí ar fad a cheannaítear nó a sholáthraítear thar ceann CCÉ. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, nó más rud é go bhfuil sé i bhfad róchostasach, nó más rud é go gcuirfeadh sé moill mhíreasúnach ar cheannach nó ar sholáthar na seirbhíse, caithfidh mionmhíniú bheith ar an chomhad ceannacháin. Caithfidh an míniú sonraí a thabhairt ar na céimeanna atá le tógáil chun an deacracht a leigheas i dtaca leis an soláthar agus na bealaí trínar féidir CCÉ nó an soláthraí a chinntiú gur féidir le daoine míchumasacha úsáid a bhaint as an tseirbhís.

**Alt 28**

Is é láithreán gréasáin CCÉ an príomh-mhodh cumarsáide don CCÉ, agus tá sé oiriúnach do "W3". Cuireadh eolas eile, ar nós doiciméid chomhairliúcháin, le chéile cheana féin chun freastal ar riachtanais áirithe agus leanfaidh sé sin ar aghaidh. Cuireann CCÉ a chuid doiciméad poiblí ar fad ar fáil i bhfoirm braille, ar téip éisteachta, i bhformáid leictreonach agus/nó i gcló mór ach é sin a iarraidh. Soláthraíonn sé ateangairí na gcomharthaí agus/nó Ceannteidealú Fíor-ama ag imeachtaí/comhairliúcháin phoiblí más rud é go n-iarrann duine a bheas ag freastal ar an ócáid seirbhís den sórt sin.

Tá Cairt foilsithe ag CCÉ i dtaca le Caighdeán na Seirbhísí do Chustaiméirí; díríonn sí ar shaincheisteanna ar nós rochtain ar eolas agus nósanna imeachta gearán.

**Alt 38(39),**

Déileálann an Chairt thuasluaite le gearáin, agus ceaptar Oifigeach go sonrach, mar phointe teagmhála do ghearáin faoin Chairt sin. Ceapfar an tOifigeach sin mar Oifigeach

Fiosrúcháin chun críche an Achta seo. Déanfar leasuithe cuí ar Chairt CCÉ i dtaca le Caighdeán na Seirbhísí do Chustaiméirí chun aitheantas a thabhairt ar an cheapachán sin.

**Alt 47**

Fostóir comhionannas deiseanna is ea CCÉ agus tugtar an méid sin le fios i ngach feachtas earcaíochta a reáchtálann sé. Lena chois sin, iarrann CCÉ ar na hiarratasóirí a ghlaotar chun agallaimh aon riachtanais speisialta a shainnaint, agus freastlaítear ar riachtanais den sórt sin. Fad is nár fhostaigh CCÉ duine ar bith a thug le fios gur duine míchumasach é/í, níor cuireadh an méid sin san áireamh agus toradh aon phróiseas earcaíochta a mheas.

Tá CCÉ ag forbairt a pholasaí chomhionannais agus a pholasaí earcaíochta tríd an phróiseas comhpháirtíochta, agus tabharfar aghaidh ar shaincheist na fostaíochta sa dá rud sin.

Maíonn CCÉ go bhfuil sé tiomanta dá chuid cúraimí reachtúla ar fad a chomhlíonadh a oiread agus is féidir. Lena chois sin, tá sé tiomanta do bheith onghníomach i dtaca le seirbhís ar ard-caighdeán a sholáthar dá pháirtithe leasmhara uile.

**Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?**

Tá ceanglas ar CCÉ de bharr Alt 19(11) den Acht Craolacháin, 2001, leasaithe ag Mír 53 den Acht um Míchumas, 2005 rialacha a dhéanamh chun ceanglas a chur ar chraoltóirí céimeanna a ghlacadh ionas go mbeidh daoine bodhra agus daoine dalla in ann níos mó suilt a bhaint as cláir agus ionas go dtuigfidh siad níos fearr iad .



Faoi réir a cheanglais reachtúla, tá Rialacha Rochtana forbartha ag CCÉ, a chinntíonn na leibhéil atá RTÉ1, RTÉ2, TG4 agus TV3 le húsáid i dtaca le fotheidealú, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime faoi réir a gcuid ceanglas reachtúil. Tá na Rialacha Rochtana i bhfeidhm ón 1 Márta 2005 agus tá CCÉ le hathbhreithniú a dhéanamh orthu i 2008 agus i 2010.

Seo a leanas samplaí de na spriocanna agus sprioc-amanna a leag CCÉ síos i ndáil le fotheidealú:

#### **RTÉ1**

Ba chóir go mbeadh fotheideil ar 75% de chláir faoi bhliain 3, 100% faoi bhliain 10,

#### **RTÉ2**

Ba chóir go mbeadh fotheideil ar 42% de chláir faoi bhliain 3, 90% faoi bhliain 10,

#### **TG4**

Ba chóir go mbeadh fotheideil ar 36% de chláir faoi bhliain 3, 80% faoi bhliain 10,

#### **TV3**

Ba chóir go mbeadh fotheideil ar 26% de chláir faoi bhliain 3, 60% faoi bhliain 10.

Tá spriocanna tosaigh de 1% i dtaca le fotheidealú Gaeilge agus cur síos fuaime ann mar cheanglas ar RTÉ1 agus RTÉ2 sna chéad trí bliana de na Rialacha Rochtana.

Tá Rialacha Rochtana CCÉ ceangailte in **Aguisín 2** agus ar fáil ag [http://www.CCÉ.ie/documents/access\\_rules\\_english.pdf](http://www.CCÉ.ie/documents/access_rules_english.pdf)

### **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag CCÉ**

D'eisigh an Coimisiún Ráiteas Torthaí um Rialacha Rochtana ar 6 Aibreán 2006 i ndáil le seirbhísí eile arna ceadúnú ag an Choimisiún. Shocraigh sé gur chóir go mbeadh ceanglas ar Setanta Sports Channel Ireland, NASN (Éire & RA) agus City Channel i dtaca le fotheidil a sholáthar. Tá an Ráiteas Torthaí um Rialacha Rochtana ceangailte in **Aguisín 2B** agus ar fáil ag an láithreán seo a leanas: [http://www.CCÉ.ie/documents/access\\_rules\\_statement\\_06.rtf](http://www.CCÉ.ie/documents/access_rules_statement_06.rtf)

Tá reachtaíocht á hullmhú a athróidh CCÉ go comhlacht úr darb ainm Údarás Craolacháin na hÉireann, agus glacfaidh an comhlacht úr sin na freagrachtaí atá ag CCÉ i láthair na huaire i ndáil le Rialacha Rochtana.

### **RTÉ**

#### **An Dóigh a bhfuil Cúrsaí Faoi Láthair**

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann agus déantar é a rialáil trí na hAchtanna um Údarás Craolacháin, 1960 go dtí 2001. Bardas reachtúil atá ann, neámhspleách i dtaca le cúrsaí ó lá go lá.

#### **Oibleagáidí a forchuireadh ar RTÉ**

Foilsíodh Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí do RTÉ i Meitheamh 2004. Is é aidhm na Cairte sin tuiscint a sholáthar do mhuintir na hÉireann i dtaca le cad leis a bhfuiltear ag súil ó RTÉ mar thoradh ar na cistí suntasacha poiblí a thugtar do RTÉ ón méid airgid a fhaightear ó tháille an cheadúnais theilifíse. Sonraíonn TreoirPhrionsabail na Cairte go gcuirfidh RTÉ san áireamh riachtanais na daoine a bhfuil míchumas fisiceach, céadfach nó intleachtach acu. Déanfaidh RTÉ bearta ionas go mbeidh lucht féachana mar sin in ann a theacht ar chlár níos fusa agus ionas

go mbeidh na cláir níos ábhartha. D'fhorbair CCÉ na Rialacha Rochtana agus baineann siad le RTÉ freisin.

### **Ráiteas Tiomantas RTÉ**

Tá ceanglas ar RTÉ freisin de bharr na Cairte um Chraolachán Seirbhíse Poiblí ráiteas bliantúil tiomantas a fhoilsiú, ar féidir measúnú a dhéanamh air ag deireadh gach bliana. Déantar meastóireacht ar thiomantais RTÉ mar pháirt d'athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht RTÉ. Cuidíonn torthaí an athbhreithnithe seo le cinntí a dhéanamh i dtaca le hathrú ar tháille an cheadúnais theilifíse.

### **Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?**

Tá próiseas poiblí comhairliúcháin i ndáil le moladh an AE chun leasú a dhéanamh ar an Treoir um Teilifís gan Teorainneacha ag dul ar aghaidh faoi láthair. Cuideoidh na freagraí ar fad a thugtar le linn an phróisis chomhairliúcháin le hionchur na Roinne i dtéarmaí na Treorach athbhreithnithe.

### **Teilifís Dhigiteach**

Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt na teilifíse digití in Éirinn. Beidh níos mó clár ar fáil de bharr na teilifíse digití agus beidh gnéithe úra ar fáil ar nós treoracha clár, seirbhísí ilradharca agus idirghníomhacha, mar aon le féidearthachtaí chun rudaí a nascadh leis an idirlíon.

Trí mhéadú in inniúlacht, beidh scóp ag craolachán digiteach níos mó seirbhísí a thairiscint agus iad dírithe ar dhaoine míchumasacha.

## 4. Seirbhísí Cumarsáide agus Poist

### Cumarsaid Leictreonach: Gnéithe Dleathacha agus Rialaitheacha:

#### Cad chuige a bhfuil sé seo tábhachtach?

Tá athruithe ollmhóra ag tarlú i réimse na teileachumarsáide le deich mbliana anuas. Le teacht an idirlín agus an dóigh a bhfuil seirbhísí seasta/soghluaiste ag teacht le chéile, tá athrú suntasach ag teacht ar an dóigh a ndéanaimd cumarsáid go sóisialta agus sa láthair oibre. De bharr na bhforbairtí i gcúrsaí teicneolaíochta, tá deiseanna ann feabhas a chur ar chúrsaí cumarsáide do dhaoine míchumasacha.

Tá bunspríoc an pholasaithe leagtha amach i Straitéis Cumarsáide na Roinne (2005-2007)

*“Cuidiú le fás macra-eacnamaíoch agus iomaíochas ar bhonn leanúnach agus cinntiú go bhfuil Éire ábalta na deiseanna úra a thapú atá ag teacht ar an saol de bharr shochaí na faisnéise agus an eolais, trí infheistíocht a chur chun cinn in infrastruchtuir den chéad scoth, trí thimpeallacht thacúil reachtaíochta agus reachtúil a fhorbairt, agus trí cháil a fhorbairt i dtaca le taighde agus forbairt sna hearnálacha seo a leanas: faisnéis, cumarsáid agus teicneolaíochta digiteacha”*

Lena chois sin, molann an polasaí gur chóir cuimsitheacht a chur chun cinn i Sochaí an Eolais ag leibhéal réigiúnach agus ag leibhéal an phobail araon, lena n-áirítear tacú le cur i bhfeidhm creat-doiciméad an Rialtais i dtaca le sochaí an eolais.

Agus polasaithe agus reachtaíocht á n-ullmhú i dtaca le cumarsáid leictreonach, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéanfar breithniú iomlán ar riachtanais na ndaoine míchumasacha.

### Cad é mar atá cúrsaí i láthair na huaire?

Tá an Earnáil Cumarsáide Leictreonaí go huile is go hiomlán saor agus tá Rialtóir neamhspleách, An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), freagrach as í a Rialáil, faoi réir Chreat Rialaitheach an AE, a aistríodh isteach i ndlí na hÉireann.

Tá an Roinn freagrach as polasaithe agus reachtaíocht straitéiseach don earnáil. Leagann dlí an AE amach na próisis faoinar féidir le ComReg dualgas a leagan síos lena n-áirítear dualgais i ndáil le daoine míchumasacha. Tá liosta díobh sin thíos.

**Eolas faoi ComReg:** Tá ComReg freagrach as earnáil na cumarsáide leictreonaí a rialáil (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus tarchur craolacháin) agus an earnáil phoist.

Ní cheadaíonn an creat rialaitheach sainriachtanais rialaitheacha i ndáil le daoine míchumasacha ach amháin i gcás an tSoláthraí Seirbhíse (eircom faoi láthair). Mar aon leis sin, ní féidir riachtanais mar sin a fhorchur ach amháin más rud é go mbaineann siad le seirbhísí laistigh de scóp Oibleagáid Seirbhíse Uilíche. Dá réir sin, ní féidir dualgais a chur ar ghrúpaí eile a sholáthraíonn seirbhísí seasta, seirbhísí soghluaiste nó banda leathan.

### **An staid reatha i dtéarmaí reachtaíochta de**

Sainithníonn an tAcht Cumarsáide (Rialáil) 2002 na cuspóirí seo a leanas do ComReg i ndáil le húsáideoirí a bhfuil míchumas orthu.

Sainíonn Alt 12.

*(2) I ndáil leis na cuspóirí dá dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1)(a), déanfaidh an Coimisiún gach beart cuí atá dírithe ar na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear-*

*(a) fad is a bhaineann sé le cur chun cinn an iomaíochais-*

*(i) cinntiú go mbaineann úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí míchumasacha an leas is mó as, i dtéarmaí rogha, praghais agus cáilíochta,*

*(c) fad is a bhaineann sé le cur chun cinn leas na n-úsáideoirí laistigh den Phobal -*

*(vi) aghaidh a thabhairt ar riachtanais sainghrúpaí sóisialta go háirithe úsáideoirí míchumasacha*

idirlín, teileafóin a n-íoctar astu, seirbhísí eolaire) do gach úsáideoir ag praghas réasúnta.

Tá na cumachtaí seo leagtha amach in Alt 6 de na Rialacha a shonraíonn;

*6. "(1) D'fhéadfadh leis an Rialtóir le toil an Aire, oibleagáidí a shonrú a bhaineann le cúraimí ainmnithe, arna n-ainmniú chun a chinntiú gur féidir he húsáideoirí míchumasacha a theacht ar sheirbhísí teileafóin agus go bhfuil na seirbhísí sin ar fáil ar phraghas réasúnta, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí éigeandála, seirbhísí eolaire, cosúil leis na seirbhísí a mbaineann úsáideoirí eile tairbhe astu.*

*(2) Féadfaidh an Rialtóir na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú atá le comhlíonadh trí dhualgais ainmnithe chun a chinntiú gur féidir le húsáideoirí leas a bhaint as rogha na ndualgas agus na soláthraithe seirbhísí atá ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí.*

### **Creat Rialaitheach an AE**

Aistríodh Creat Rialaitheach isteach i ndlí na hÉireann sa bhliain 2003 lena n-áirítear Comhphobail Eorpacha (Gréasáin um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta na nÚsáideoirí) Rialacha 2003 (I.R. 308 de 2003).

Faoi na Rialacha sin, tá sainchumhachtaí ag ComReg i dtaca leis an tseirbhís theileafóin a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse (eircom faoi láthair).

Baineann Seirbhís Uilíoch le soláthar miontachar sonraithe seirbhísí teileafóin lena n-áirítear rochtain feidhmeach (banda caol)

## Oibleagáidí atá forchurtha ar *eircom* faoi láthair

I ndiaidh comhairliúcháin poiblí a dhéanamh, d'ainmnigh ComReg *eircom* mar an Soláthraí Seirbhíse (USP) ar feadh thréimhse trí bliana, ag tosú ar an 25 Iúil 2003. Bhí na bearta seo a leanas de dhíth i ndáil le húsáideoirí míchumasacha;

**Cód Cleachtais *eircom*:** Bhí ar *eircom* Cód Cleachtais a fhorbairt agus a fhoilsiú, i gcomhairle le comhlachtaí ionadaíocha cúí agus le comhaontú ComReg, ag rialáil an dóigh a soláthraíonn sé seirbhísí d'úsáideoirí míchumasacha. Leagann an cód amach polasaithe i dtaca le soláthar seirbhísí den chineál sin, agus áiríonn sé sonraí i dtaca le haon scéimeanna speisialta a tairiscítear agus cé acu tá seirbhísí ar fáil nó nach bhfuil.

Tá Cód Cleachtais *eircom* i dtaca le Soláthar Seirbhísí d'Úsáideoirí Míchumasacha ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin na cuideachta; [http://www.eircom.ie/bveircom/pdf/code\\_of\\_practice\\_disability.pdf](http://www.eircom.ie/bveircom/pdf/code_of_practice_disability.pdf)

Tá na seirbhísí atá de dhíth faoin reachtaíocht thuasluaite á soláthar ag *eircom* a sholáthraíonn roinnt sonraí san eolaire teileafóin, ach is féidir sonraí iomlána a fháil ach scairt a chur ar Sheirbhís do Chustaiméirí "1901" agus "Fiosrú Seirbhíse" a iarradh.

### Teileafóin a n-íocann an pobal astu

Tá ceanglas ar *eircom* a chinntiú go bhfuil teileafóin den chineál sin inrochtaineach d'úsáideoirí míchumasacha, faoi réir ag aon bhearta a d'fhéadfadh bheith de dhíth ag ComReg faoi réir Rialacha um Chearta Úsáideoirí agus Seirbhís Uilíoch 2003.

## Bearta Áirithe d'úsáideoirí míchumasacha

Tá na hoibleagáidí seo a leanas ar *eircom* i dtaca le seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí míchumasacha:

D'úsáideoirí a bhfuil lagú éisteachta acu:

- Cúplóirí ionduchtacha a ligeann d'úsáideoirí a bhfuil trealamh éisteachta acu é a cheangal lena teileafón ionas go dtig leo glórthaí a chluinstin go soiléir.
- Teileafóin a bhfuil aimplitheoir acu a ligeann don úsáideoir fuaim na cainte a ardú.
- Rabhadh Amhairc Teleflash a thaispeánann solas gealánach, nó a dhéanann trup ard nuair a bhuaileann an teileafón.

D'úsáideoirí lagéisteachta agus/nó lagamhairc:

- Seirbhís Téacs Rialaithe atá ábalta teachtaireachtaí gutha a fháil agus a aistriú go téacs agus an téacs sin a aistriú chuig téacsfhóin na gcustaiméirí (gach oibritheoir), agus a mhalairt.
- Scéim lacáiste. Tógann sé roinnt mhaith ama scairt ghutháin a dhéanamh i bhfoirm téacs. Leis an scéim seo, is féidir a chinntiú nach mbíonn ar úsáideoirí bodhra na dtéacsfón i bhfad níos mó airgid a dhíol.

### **D'úsáideoirí a bhfuil lagú deaslámhachta nó deacrachtaí soghluaisteachta acu:**

- Teileafóin bhrúchnaipí le cnaipí gluaise agus athdhialaithe uathoibríocha chun ligint d'uimhreacha atá réamhchláraithe (na cinn a úsáidtear níos minice den chuid is mó) nó na huimhreacha a diailíodh go díreach roimhe sin gan an uimhir ar fad a chur isteach arís.
- Teileafóin a bhfuil callaire acu; ciallaíonn sé sin nach gá an glacadóir a phiocadh suas.

### **D'úsáideoirí lagamhairc:**

- Teileafóin a chuidíonn le daoine lagamhairc uimhreacha a aithint níos fusa.
- Billí i bhfoirm braille saor in aisce.
- Eolaire speisialta a ligeann do dhaoine nach bhfuil ábalta an leabhar a úsáid de bharr míchumais seirbhís eolaire a úsáid saor in aisce.

### **Eolaí Teilafóin**

Bhí ar eircom moltaí a thabhairt do ComReg maidir leis an dóigh ar féidir a sheirbhís fiosrúchán a chur ar fáil d'úsáideoirí Minicom.

### **Soláthraithe eile seirbhísí teileachumarsáide**

Soláthraíonn roinnt soláthraithe seirbhísí eile seirbhísí agus ní fhorchuireann ComReg coinníollacha áirithe orthu. Tá roinnt seirbhísí chun ionrochtaineacht a fheabhsú d'úsáideoirí míchumasacha forbartha ag roinnt soláthraithe seirbhísí san earnáil sheasta agus shoghluaiste araon. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá: glacadóir le bogearra

chun téacs a aistriú go glór agus chun na nithe seo a leanas a éascú: modh éifeachtach chun réimse na seirbhísí a chuardach agus billí i bhfoirm braille. Mar aon leis sin, téann soláthraithe seirbhísí i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha ar bhonn rialta.

### **Painéal Tomhaltóra ComReg**

Bhunaigh ComReg Painéal Tomhaltóra i Márta 2005, agus tá ionadaí ón Údarás Náisiúnta Míchumais mar bhall de.

### **Láithreán gréasáin ComReg**

Soláthraíonn [www.AskComReg.ie](http://www.AskComReg.ie) eolas ar chúrsaí teileachumarsáide agus ar sheirbhísí poist do thomhaltóirí. Tá ComReg tiomanta do dheimhin a dhéanamh go bhfuil a láithreán gréasáin inrochtaineach do dhaoine míchumasacha trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht. Cloíonn an láithreán le treoir um inrochtaineacht ábhair ghréasáin 1.0 de chuid W3C/WAI, leibhéal AAA. Tá sonraí breise ar an láithreán gréasáin faoi na hábhair seo a leanas:

- Eochracha Rochtana
- Nascanna Aicearra
- Nascanna agus Íomhánna
- Téacs amháin/ Leagan Amach agus Dathanna Ard-Infheictheachta
- Leathanaigh atá éasca a phriontáil
- Do chuid socruithe a athrú
- Ábhar a íoslódáiltear
- Caighdeáin
- Lipéadú de chuid an Chumainn um Ghrádú Ábhar Idirlín (ICRA)
- Teicneolaíochtaí Oiriúnaitheacha

Tá Ráiteas Inrochtaineachta AskComReg.ie ar fáil ón láithreán gréasáin ag: <http://www.askcomreg.ie/home/Accessibility.31.LE.asp>

### **Nós Imeachta Gearán**

Faoi fhorálacha an Achta Cumarsáide (Rialáil) 2002, tá ComReg freagrach as gearáin tomhaltóirí a fhiosrú. I measc na nósanna imeachta a úsáidtear chun gearán a dhéanamh tá: gearán a dhéanamh le hoibrítheoir s'agatsa, do ghearán a chlárú le ComReg; gearáin faoi sheirbhísí poist; tá siad ar fáil ar [www.askcomreg.ie](http://www.askcomreg.ie). Tá eolas do thomhaltóirí i bhfoirm Treoracha Tomhaltóirí ar fáil freisin ar an láithreán gréasáin.

### **Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?**

#### **Athbhreithniú ar Chreat Rialaitheach an AE**

Cinnteoigh an Roinn go gcuirfear riachtanais na ndaoine míchumasacha san áireamh san athbhreithniú ar chreat rialaitheach an AE do Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí [Sprioc-am le haghaidh athbhreithnithe 2006-2007]

#### **Aistriú Creat Rialaitheach úr de chuid an AE**

Cinnteoigh an Roinn go n-aistreofar aon Chreat Rialaitheach ina bhfuil aon fhorálacha a bhaineann le daoine míchumasacha laistigh den sprioc-am atá leagtha síos ag leibhéal an AE.

#### **Seirbhís Scairteanna Éigeandála**

Tá sé de rún ag an Roinn tairiscintí a iarraidh i 2006 chun soláthraí fóirsteanach a aimsiú le seirbhís freagartha a sholáthar i dtaca le scairteanna éigeandála. Scrúdófar cé chomh hinrochtaineach agus atá an tseirbhís freagartha um scairteanna éigeandála do dhaoine míchumasacha mar pháirt den phróiseas chun an soláthraí cuí a fháil.

### **Comhordú le Ranna agus le hÁisínteachtaí eile**

Comhoibreoidh an Roinn go huile is go hiomlán le Ranna agus le hÁisínteachtaí eile agus le páirtithe leasmhara i ndáil le cúrsaí míchumais, lena n-áirítear aon mheicníochtaí comhordaithe a chuirfear le chéile de bharr Dhaonáireamh 2006. [Teorainn Ama: Ar bhonn leanúnach]

### **Aird na Daoine i saol na tionsclaíochta a dhíriú ar shaincheisteanna míchumais**

Mar aon le hoibleagáidí rialaitheacha, oibreoidh an Roinn leis an Rialtóir agus le daoine i saol na tionsclaíochta chun a chinntiú go ndéanfar an oiread agus is feidir do dhaoine míchumasacha ar bhonn deonach.

[Teorainn ama: Ar bhonn leanúnach]

### **ComReg a Chumasú**

Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar an dóigh a gcomhlíonfaidh ComReg a chuid freagrachtaí reachtúla i ndáil le daoine míchumasacha agus cinnteoidh sí go bhfuil na cumhachtaí cuí ar fad atá de dhíth chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

### **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag ComReg**

#### **Athbhreithniú ar na hOibleagáidí atá ar an Soláthraí Seirbhíse**

Tabharfaidh ComReg faoi athbhreithniú ar Oibleagáidí Seirbhíse Uilíche, lena n-áirítear bearta reachtúla do dhaoine míchumasacha i ndiaidh próiseas poiblí comhairliúcháin a bheas oscailte do chách.

[Teorainn ama: 3ú Ráithe 2006]

**Rochtain ar Sheirbhísí Cumarsáide**

Leanfaidh ComReg le hoibriú le saol na tionsclaíochta, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil clúdaithe ag Oibleagáidí Seirbhíse Uilíche, chun soláthraithe seirbhíse a chur chun cinn agus a spreagadh chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí ar fáil do dhaoine míchumasacha.

[Teorainn ama: Ar bhonn leanúnach]

**Eolas ar na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine míchumasacha**

I ndiaidh comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara, déanfaidh ComReg iarracht chun a chinntiú go mbeidh eolas ar na seirbhísí atá ann ar fáil go forleathan

[Teorainn ama: Deireadh 2006 ]

**Painéal Comhairliúcháin****Tomhaltóirí ComReg**

Cinntoidh ComReg go mbeidh ionadaí ar leith ar a Phainéal Comhairliúcháin Tomhaltóirí agus é/í focasaithe ar leas na daoine míchumasacha.

[Ar bhonn leanúnach]

**Comhairliúchán le grúpaí ionadaíochais míchumais**

Trí na meicníochtaí comhairliúcháin ar fad atá ar fáil dóibh, leanfaidh ComReg le plé a dhéanamh le grúpaí ionadaíochais míchumais agus spreagfaidh sé soláthraithe seirbhíse chun leanúint lena gcuid comhairliúcháin le grúpaí ionadaíochais i dtaca le tairgí agus seirbhísí úra a fhorbairt.

[Teorainn Ama: Ar bhonn leanúnach]

**Billí**

Oibreoidh ComReg le soláthraithe seirbhíse chun socrúithe éifeachtacha a fhorbairt i dtéarmaí billí de do dhaoine míchumasacha. [Iár 2007]

**Tuairisciú**

I ndiaidh comhairliúcháin a dhéanamh le grúpaí ionadaíochais míchumais agus páirtithe leasmhara, tabharfaidh ComReg le fios ina chuid tuarascálacha bliantúla cad é mar atá ag éirí leis na bearta chun leas na n-úsáideoirí míchumasacha a chur chun cinn i gcomhthéacs chuspóirí reachtúla ComReg, agus ó mhí Iúil 2007 tuairsceoidh sé don Aire ar bhonn bliantúil.

[Ar bhonn bliantúil]

**Comhordú le Ranna agus le hÁisín-teachtaí eile**

Comhoibreoidh ComReg le Ranna Rialtais agus le hÁisín-teachtaí Stáit, i ndáil le cúrsaí míchumais laistigh de scóp a chuid cumhachtaí.

[Teorainn ama; ar bhonn leanúnach]

**Rochtain ar Láithreán gréasáin ComReg**

Leanfaidh ComReg le cinntiú go bhfuil a láithreán gréasáin [www.AskComReg.ie](http://www.AskComReg.ie) inrochtaineach do dhaoine míchumasacha trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht.

[Teorainn Ama: Ar bhonn leanúnach]

**Nós imeachta Gearán ComReg**

Leanfaidh ComReg le cinntiú go bhfuil a nós imeachta gearán ar fáil do dhaoine míchumasacha.

[Teorainn Ama: Ar bhonn leanúnach]

**Clár Oibre ComReg**

Leanfaidh ComReg le saincheisteanna míchumais a chur san áireamh agus a Chlár Oibre Bliantúil á ullmhú aige.



## Seirbhísí Poist

### Cad chuige a bhfuil sé seo tábhachtach?

Cuireann na Rialacha Poist síos ar an tseirbhís uilíoch mar 'cheart' 'a bhfuil soláthar buan seirbhís poist ar chaighdeán sonraithe mar pháirt de ag praghasanna réasúnta do gach úsáideoir agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar an soláthraí seirbhíse gach riachtanas a chomhlíonadh, agus é a dhéanamh cúig lá na seachtaine, ar a laghad, tógáil agus seachadadh amháin do bhaile nó áitreabh gach duine nó conaitheoir dleathach sa Stát. Mar aon leis sin, ligeann sé do ComReg treoracha a eisiúint chuig soláthraí seirbhíse *"chun a chinntiú go gcuirfidh na pointí teagmhála agus pointí rochtana riachtanais na n-úsáideoirí san áireamh."*

Bhunaigh an tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 An Post, an Soláthraí Seirbhíse i dtaca le seirbhísí poist. Faoi Acht, tá an tAire Cumarsáide agus an tAire Airgeadais mar scairshealbhóirí na cuideachta. Tá a bhord agus a bhainistíocht freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí reachtúla.

### Cad é mar atá cúrsaí i láthair na huair?

#### Creat Rialaitheach

Tá na rialacha reatha poist bunaithe ar Threoir Phoist an CE – Rialacha (Seirbhísí Poist) na gComhphobal Eorpach, 2002, I.R. Uimh. 616 de 2002. I measc na nithe a dhéanann an Treoir, bunaíonn sí creat comhaontaithe rialaitheach do sheirbhísí poist ar fud an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh feabhsuithe a chinntiú i gCaighdeán na Seirbhíse a sholáthraítear.

Leagann na Rialacha Poist amach creat leathan den riachtanas i dtaca le seirbhís uilíoch de. Ceann de na feidhmeanna atá ag ComReg ná na Rialacha sin a chur i bhfeidhm, ag cur san áireamh más gá na riachtanais nua-aimseartha atá ag custaiméirí gnó agus baile. Ag an am chéanna, caithfidh ComReg a chinntiú go bhfanfaidh an tseirbhís poist mar sheirbhís chosanta agus inmharthana ar fud na tíre.

#### Oibleagáidí a chuirtear ar

##### An Post mar USP

Faoi Rial 8 (1) (b) de na Rialacha Poist, soláthraíonn An Post "seirbhís poist saor in aisce do dhaoine dalla agus daoine lagamhairc." Léiríonn sé sin na forálacha atá leagtha amach i dtreoracha poist an AE.

Soláthraíonn An Post seirbhís poist saor in aisce do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc. Tá an oibleagáid sin ann de bharr thábhacht stairiúil an phoist mar mheán cumarsáide do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc de bharr an méid a mbraitheann siad ar braille agus le déanaí ar théipeanna éisteachta a fhágann go mbíonn paicéid phoist trom agus róchostasach fosta. Is féidir sonraí iomlána a fháil ag láithreán gréasáin An Post.

<http://www.anpost.ie/AnPost/MainContent/Personal+Customers/Sending+Mail/Articles+for+The+Blind/>

I bhFógra Cinnidh D11/03, leag ComReg amach roinnt saincheistean a bhaineann le cearta tomhaltóirí, ar nós rochtain ar sheirbhísí Poist, cinnteacht go seachadtar litreacha go laethúil, foilsíú eolais faoi cad é atá ar fáil, agus nósanna imeachta gearán.

I dtaca le cúrsaí seachadta de, caithfidh An Post post a sheachadadh gach lá oibre. I dtaca le pointí bailiúcháin de, cuireadh teorainneacha ar cé chomh fada agus ba chóir d'úsáideoirí taisteal. Ikm i limistéir uirbeacha agus 3 km i limistéir thuithe na teorainneacha atá i gceist.

Go hachomair, is féidir nithe a bhfuil litríocht agus ailt ar leith iontu, atá curtha in oiriúint do dhaoine dallá nó do dhaoine lagamhairc, is féidir na nithe sin a sheoladh saor in aisce, fad is go bhfuil siad marcáilte go soiléir mar sin (.i. "Nithe do na Daill" nuair a sheoltar nithe in Éirinn agus "Cécogrammes" (BLIND LITERATURE) nuair a bhíonn seirbhísí idirnáisiúnta poist á n-úsáid), agus fad is go gcloíonn siad leis na riachtanais i dtaca le meachán agus méid de (is ionann iad agus na riachtanais a bhaineann le litreacha). Mar aon leis sin, caithfear pacáistí de chuid seirbhísí poist na hÉireann bheith curtha sa phost gan chlúdach nó i gclúdach atá furasta a bhaint den phacáiste ionas gur féidir scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil ann.

Shoiléirigh ComReg an riachtanas seo le déanaí i bhfreagairt fhoilsithe ar chomhairliúchán 05/85 An tSeirbhís Uilíoch Poist – Sainmhíniú Oibre:

"Tá forálacha speisialta sna nithe seo a leanas i dtaca le seirbhísí a sholáthar do na daill: Rialacha 2002, litir UPU i ndiaidh Comhdhála agus an Treoir um Sheirbhísí Poist. Mar sin de, caithfidh ComReg a chinntiú go soláthraíonn an USP seirbhísí saor in aisce do dhaoine dallá agus do dhaoine lagamhairc. Mar sin, áireofar na seirbhísí sin sa sainmhíniú oibre."

## **Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?**

### **Roinn**

Athbheithniú ar Chreat Rialaitheach an AE: Leanfaidh an Roinn le brú a chur ag leibhéal an AE go ndéanfaí breithniú ar riachtanais na ndaoine míchumasacha san athbheithniú ar an treoir phoist atá ar siúl i láthair na huaire. Táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún dréacht-threoir phoist faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag deireadh na bliana.

### **Aistriú Chreat Rialaitheach úr de chuid an AE**

Cinntoidh an Roinn go n-aistrefar aon threoir úr phoist isteach i reachtaíocht na tíre lena n-áirítear aon fhorálacha a bhaineann le daoine míchumasacha laistigh den sprioc-am a bheas leagtha síos ag leibhéal an AE.

### **Comhordú le Ranna agus le hÁisínteachtaí eile**

Comhoibreoidh an Roinn go huile is go hiomlán le Ranna agus le hÁisínteachtaí eile agus le páirtithe leasmhara i ndáil le cúrsaí míchumais.

[Teorainn ama; ar bhonn leanúnach]

### **ComReg a Chumhachtú**

Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar an dóigh a gcomhlíonfaidh ComReg a chuid freagrachtaí reachtúla i ndáil le daoine míchumasacha agus cinnteoidh sí go bhfuil na cumhachtaí cuí ar fad atá de dhíth chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

## **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag ComReg**

### **Rialáil an Tionscail Phoist**

Leanfaidh ComReg le sainscheisteanna a bhreithniú i ndáil le míchumas agus rochtain i dtaca le rialáil an tionscail phoist ar cóimhéid lena chumachtaí  
[Ar bhonn leanúnach]

### **Rochtain ar Sheirbhísí Poist**

Leanfaidh ComReg le hoibriú le saol na tionsclaíochta, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil clúdaithe ag Oibleagáidí Seirbhíse Uilíche, chun soláthraithe seirbhísí a chur chun cinn agus a spreagadh chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí ar fáil do dhaoine míchumasacha.  
[Teorainn ama: Ar bhonn leanúnach]

### **Comhordú le Ranna agus le hÁisínteachtaí eile**

Comhoibreoigh ComReg le Ranna Rialtais agus le hÁisínteachtaí Stáit, i ndáil le cúrsaí míchumais laistigh de scóp a chuid cumhachtaí.  
[Teorainn ama: ar bhonn leanúnach]

### **Rochtain ar Láithreán gréasáin ComReg**

Leanfaidh ComReg le cinntiú go bhfuil a láithreán gréasáin, [www.AskComReg.ie](http://www.AskComReg.ie), inrochtaineach do dhaoine míchumasacha trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha.  
[Teorainn ama: ar bhonn leanúnach]

Cuirfidh grúpa saineolach poist ComReg leas agus riachtanais na ndaoine míchumasacha san áireamh agus é ag plé cúrsaí.

### **Nós imeachta Gearán ComReg**

Leanfaidh ComReg le cinntiú go bhfuil a nós imeachta gearán ar fáil do dhaoine míchumasacha.  
[Teorainn Ama: Ar bhonn leanúnach]

### **Clár Oibre ComReg**

Leanfaidh ComReg le saincheisteanna míchumais a bhreithniú agus é ag ullmhú Clár Oibre, agus tabharfaidh sé cuntas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ina chuid tuarascálacha bliantúla.

## **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Post**

Tá foireann ar leith laistigh de An Post atá ag measúnú scóp na hoibre a bheas de dhíth chun cloí leis an reachtaíocht. Áireoidh sé sin ullmhú buiséid agus clár oibre a chuirfear i gcrích le linn na dtrí bliana atá romhainn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i gcoinníollacha rochtana do dhaoine míchumasacha ag oifigí de chuid na Cuideachta. Tabharfaidh an clár sin aghaidh ar na saincheisteanna rochtana ag oifigí díolacháin ar leis an Chuideachta iad laistigh de thréimhse dhá bhliain faoi réir ceaduithe riachtanacha (.i. cead pleanála, srl.) a bheith faighte laistigh d'achar réasúnta.

Maidir le Fo-Oifigí Poist, tá polasaí ag an chuideachta a chiallaíonn go gcaithfidh ceapacháin úra a gcuid áitreabh a bheith inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.

I bhFo-Oifigí eile nach bhfuil ag cloí leis sin go fóill, cuirfidh An Post an ceapachán (Máistir/ Beanmháistir Poist) ar an eolas faoin scéal. Mar sin féin, i gcás na gconarthaí reatha, atá i bhfeidhm le 50 bliain i roinnt cásanna, níl An Post ábalta iallach a chur orthu a gcuid áitreabh a aistriú. Spreagfaidh an cuideachta ceapacháin mar sin bheith ceannródaíoch

agus aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna rochtana a d'fhéadfadh bheith ann ag áitribh s'acu ar bhonn deonach.

Agus an coinníoll thuasluaite sin i bhfeidhm do cheapacháin úra, tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna rochtana do fho-oifigí poist ar bhonn leanúnach.

Tabharfaidh An Post tuairisc ar an dul chun cinn i dtaca le saincheisteanna míchumais ina tuarascáil bhliaintiúil.

## 5. Cúrsaí Mara

### Cad chuige a bhfuil sé seo tábhachtach?

Baineann sainchúram na Roinne san Earnáil Mhara le rialáil, trí Bhord Iascaigh Mhara, acmhainn na nIascaigh Intíre. Mar earnáil a bhaineann le cúrsaí sóisialta, fóillíochta agus turasóireachta, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil gach duine in ann a theacht ar rudaí fisiceacha agus ar eolas go furasta.

Mar aon leis sin, tá freagrachtaí tábhachtacha ag an Roinn i dtaca le hInfrastruchtúr Chuan Iascaigh a fhorbairt. D'fhéadfadh feabhas agus forbairt na n-áiseanna fóillíochta agus fónais nó cur chun cinn na forbartha sóisialta agus geilleagraí bheith mar pháirt de mhacasamhail d'infrastruchtúr. Tá ceann de na hIonaid Chuan Iascaigh ar an phort farantóireachta is gnóthaí sa Stát, agus dá bharr sin, tá ábharthacht ar leith ag na hoibleagaidí a fhorchuireann an tAcht um Míchumas.

### Na Comhlachtaí Lárnacha agus Réigiúnacha Iascaigh

Tá an Roinn freagrach as na 9 gcomhlacht seo a leanas ar féidir comhlachtaí poiblí a thabhairt orthu laistigh de chiall an Achte um Míchumas 2005.

- An PríomhBhord Iascaigh
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt
- Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne
- Institiúid na Mara

Mar aon leis sin, is comhlacht Thuaidh Theas é Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann faoi Chomhaontú na Breataine na hÉireann 1999.

Tá tionchar ag maoiniú ar líon na n-áiseanna a sholáthraíonn na comhlachtaí, lena n-áirítear áiseanna do dhaoine míchumasacha. Ós rud é gur comhlachtaí neamhthráchtála iad, tá siad ag brath go huile is go hiomlán ar an Státchiste le haghaidh maoinithe. Spreagfar iad le foinsí eile maoinithe a fhiosrú, ar nós an PFN 2007-2013 le níos mó áiseanna a sholáthar agus le huasghrádú a dhéanamh ar na háiseanna atá ann cheana féin.

### Oibleagaidí a fhorchuirtear ar na Boid Iascaigh

Iarradh ar na comhlachtaí iniúchadh rochtana a dhéanamh le linn 2006 a shainaithneoidh na háiseanna atá ann cheana, an scóp le haghaidh tuilleadh áiseanna, constaicí, más cuí, i dtaca le tuilleadh áiseanna a sholáthar agus moltaí le haghaidh plean gníomhaíochta d'áiseanna a sholáthar thar thréimhse sonraithe ama. Ceaptar go mbeidh plean gníomhaíochta ann faoi thús na bliana 2007. Chuige sin, cuireadh foráil chuí isteach sna conarthaí feidhmíochta idir an Roinn agus na comhlachtaí, conarthaí a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil.

### **Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?**

Is féidir le daoine míchumasacha rochtain a fháil ar roinnt mhaith oifigí poiblí de chuid na gcomhlachtaí sin. Mar sin féin, tá cuid de na boird réigiúnacha iascaigh lonnaithe in áiseanna a bhfuil nuachóiriú ag teastáil uathu.

Glacann na comhlachtaí uile leis gur chóir gach iarracht a dhéanamh chun cúrsaí rochtana a fheabhsú nuair a bhíonn feabhsúcháin á bpleanáil agus á ndéanamh.

Chuige sin, beidh iniúchadh ar oifigí poiblí na gcomhlachtaí mar pháirt den iniúchadh rochtana dá dtagraítear thuas chun plean gníomhaíochta a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais an Achta um Míchumas laistigh de na spriocanna ama a shonraítear laistigh de.

### **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag na Boird Iascaigh**

Ordaíodh do gach ceann de na comhlachtaí a chinntiú go gcuirfí gach ball foirne ar an eolas faoin reachtaíocht atá ann a rialaíonn soláthar na seirbhísí do dhaoine míchumasacha agus go ndéanfaí tagairtí cuí dá leithéid de sholáthar ina gcuid cairteanna do chustaiméirí.

Féachfaidh gach comhlacht le cinntiú go mbeidh an t-eolas a sholáthraíonn siad ar fáil i bhformáidí atá inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.

Lena chois sin, féachfaidh na comhlachtaí le cinntiú go bhfuil a láithreáin ghréasáin go hiomlan inrochtaineach. Beidh ar na comhlachtaí tuairisc a thabhairt ar na polasaithe, na cleachtais agus na seirbhísí do dhaoine míchumasacha agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaca le spriocanna an Phlean Teascógaigh a bhaint amach i ngach ceann dá tuarascálacha bliantúla.

Go dtí seo, sholáthair roinnt bord iascaigh áiseanna chun rochtain a fheabhsú d'iascairí míchumasacha i roinnt áiteanna ar fud na tíre. Déanfaidh na Boird iarracht a oiread áiseanna agus is féidir a chur ar fáil in áiteanna cuí fad is go bhfuil sé sábháilte agus fad is go bhfuil sé indéanta. Tá sé beartaithe go gcuirfear an t-eolas i ndáil le suíomh na n-áiseanna agus sonraí na n-áiseanna ar fáil go lárnach.

### **5.1. Lárionaid Chuanta Iascaigh**

#### **An Dóigh a bhfuil Cúrsaí Faoi Láthair**

Úsáideann an Roinn cúig chuan mar Ionaid Chuanta Iascaigh (Binn Éadair, An Dún Mór Thoir, Baile Chaisleáin Bhéara, Ros a' Mhíl agus Na Cealla Beaga).

Feidhmíonn siad faoin Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968, faoi mar atá leasaithe. Forálann an tAcht ón bhliain 1968 do bhunú agus d'fheidhmiú na gcuanta seo chun iascaireacht mhara, próiseáil agus cúrsaí eile a bhaineann le tionscal na hiascaireachta mar aon le sprioc ar bith eile a chur chun cinn agus a fhorbairt lena n-áirítear soláthar, feabhsú agus forbairt áiseanna siamsaíochta nó fónais nó chun forbairt sóisialta nó gheilleagrach an cheantair a éascú nó a chur chun cinn.

Is é Ros A' Mhíl an calafort farantóireachta is gnóthaí sa tír agus is nasc tábhachtach é idir an tír mór agus na hOileáin Árann; tá ráchairt ar sheirbhísí paisinéirí ansin le linn na bliana ar fad.

### **Freagrachtaí a Forchuireadh ar an Roinn**

Tá an Roinn freagrach as an infrastruchtúr ag Lárionaid Chuanta lascaigh. Mar aon leis sin, tá an Roinn freagrach as réimse céanna a tógadh faoin Marine Works (Éire) Act 1902, agus faoi choimirce Bhord na gCeantar Cúng. Cuirfidh aon fhorbairt úr infrastruchtúir ag na cuanta seo cúrsaí rochtana san áireamh; mar shampla, tá staidéar féidearthachta a bhaineann le Cé an Chloiginn, Contae na Gaillimhe ag cur cúrsaí rochtana san áireamh ag an ché.

### **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Roinn**

Tá forbairt chaipitil ar fiú na milliúin euro í á déanamh ar Ros A' Mhíl faoi láthair agus áireoidh an tionscadal sin soláthraithe rochtana agus seirbhíse do dhaoine míchumasacha.

Laistigh de shé mhí den Phlean Teascógach bheith curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais, déanfaidh an Roinn iniúchadh rochtana ar na hIonaid Chuanta lascaigh agus sainaitheoidh sí cé na bearta atá de dhíth chun na hionaid a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha. Ina dhiaidh sin, foilseofar plean forfheidhmithe a leagfaidh amach clár chun aghaidh a thabhairt ar aon shaincheisteanna a shainaitheofar san iniúchadh. Cuirfear an plean forfheidhmithe le chéile laistigh de shé mhí i ndiaidh deireadh a chur leis an iniúchadh rochtana. Agus an plean forfheidhmithe á chur le chéile, cuirfear

san áireamh an maoiniú agus na hacmhainní foirne atá ar fáil d'fhorfheidhmiú. Tabharfar tosaíocht do na hIonaid Chuanta lascaigh is gnóthaí.

Faoin Phlean Náisiúnta Forbartha (2000-2006) soláthraítear maoiniú d'fhorbairt agus d'fheabhsú infrastruchtúr na gcalafort agus áiseanna seirbhíse (lena n-áirítear plandaí oighir, áiseanna tuirlingthe agus stórála) ag príomhchuanta straitéiseacha iascaireachta agus tógáil agus feabhas áiseanna calaithe agus áiseanna gaolmhara ag cuanta agus áiteanna tuirlingthe atá níos lú. Faoin PNF, tá cúnaimh deontais de 75% ar fáil do thionscadail a n-éiríonn leo ag cuanta iascaireachta arna mbainistiú ag na húdaráis. De bharr an mhaoinithe faoin chlár seo, tá deis ag úinéirí cuanta aon áiseanna rochtana cuí a chur isteach agus iad ag déanamh na bhforbairtí cuí.

## 6. Fuinneamh

### Cad chuige a bhfuil sé seo tábhachtach?

Tá polasaí na Roinne i dtaca le seirbhísí fuinnimh a sholáthar don phobal mar pháirt thábhachtach de Phlean Teascógach na Roinne. Tá an Coimisiún neamhspleách um Rialáil Fuinnimh (CRF) freagrach as an earnáil a rialáil agus ceann de na príomhfhreagrachtaí atá aige ná cosaint na dtomhaltóirí, agus seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí leochaileacha.

### An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

#### An Dóigh a bhfuil Cúrsaí Faoi Láthair

I mí Dheireadh Fómhair 2005, d'fhoilsigh CRF páipéar comhairliúcháin ina bhfuil treoirleánte do sheirbhísí do chustaiméirí leochaileacha i margadh an gháis agus an leictreachais. Lena chois sin, rinneadh comhairliúchán ar an dóigh a mbaileofar eolas. Foilsíodh freagairtí ar an pháipéar comhairliúcháin seo ar láithreán gréasáin CRF. Le linn an phróisis chomhairliúcháin, fuarthas freagairtí ó na páirtithe seo a leanas:

- Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis
- Gréasáin Bhord Gáis
- Soláthar Custaiméirí BSL
- Gréasáin BSL
- Airtricity
- Seirbhís Comhairle Airgid agus Buiséadaithe (MABS)
- Age Action Ireland
- Baill an Phobail

I láthair na huaire, tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) lonnaithe in oifigí in The Plaza, Tamhlacht, Baile Átha Cliath. Dar leis an CRF, tá áitribh s'aige ag cloí leis na riachtanais reachtúla i dtaca le cúrsaí míchumais.

Tá sé de rún ag CRF bogadh chuig áitribh nua sa cheantar cheanna i Meán Fómhair 2007. Dar leis an CRF, beidh na háitribh sin ag cloí leis na riachtanais reachtúla.

### Cé na Príomh-Shaincheisteanna a bheas ann amach anseo?

Mhéadaigh Ionstraim Reachtúil (IR) 452 de 2004 do Gás agus IR 60 de 2005 do Leictreachas freagracht CRF i dtaca le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear cosaint na gcústaiméirí leochaileacha. Leag CRF amach na cosaintí ba chóir a chur i bhfeidhm do chustaiméirí leochaileacha (lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine míchumasacha).

Áiríonn na cosaintí seo bearta chun cuidiú le custaiméirí leochaileacha an baol a laghdú go ngearrfar soláthar gáis nó leictreachais s'acu. Caithfidh soláthraithe atá ag soláthar gás nádúrtha chuig custaiméirí baile cód cleachtas a fhorbairt do chustaiméirí leochaileacha faoi Choinníoll 26 den Cheadúnas Soláthair Gháis Nádúrtha. Táthar ag súil go gcuirfear an méid sin san áireamh fosta san athbhreithniú ar an Cheadúnas um Soláthar Leictreachais.

### Oibleagáidí a fhorchuirtear ar CER agus ar an Earnáil

#### Feidhm

Baineann an páipéar cinnidh seo ar sholáthar seirbhísí do chustaiméirí leochaileacha le soláthraithe agus oibrítheoirí gréasán a fhreastlaíonn ar chustaiméirí baile i margadh an gháis agus an leictreachais.

#### Sonraí i dtaca le Custaiméirí Leochaileacha a Bhailiú

- Caithfidh custaiméirí leochaileacha iad féin a chlárú mar sin trína gcuid soláthraithe.



- Beidh foirmeacha ar fáil trí sholáthraithe agus oibritheoirí gréasán ach caithfear iad a sheoladh ar ais chuig an soláthraí atá freagrach as clárú an chustaiméara a chomhlánú.
- Cloífidh bailiú na sonraí leis na riachtanais chuí i dtaca le Cosaint Sonraí.

### **Seirbhísí do Chustaiméirí Leochaileacha**

Tá soláthar seirbhísí briste síos in dhá chatagóir dhifriúla.

1. Custaiméirí atá i mbaol má bhíonn briseadh sa soláthar leictreachais.
  - Caithfidh soláthraithe leictreachais custaiméirí a chlárú atá ag brath ar threalamh tacaíochta beatha. Ní féidir na custaiméirí sin a dhífhuinnmhiú fiú má iarrann soláthraí sin. Ní féidir dhífhuinnmhiú a dhéanamh ach amháin ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta nó má iarrann an custaiméir sin.
  - Ba chóir do sholáthraithe freastal ar chustaiméirí a d'fhéadfadh bheith i mbaol de bharr dícheangail thar thréimhse fhada ama nó i gcás dífhuinnmhithe ina gCóid Chleachtais um Dhícheangal nó Dhífhuinnmhiú.
  - Más rud é go bhfaigheann oibritheoir gréasáin amach go bhfuil custaiméir i mbaol agus iad i ndiaidh a theacht chuig áitribh chun an leictreachas a dhícheangal, beidh discríd ag an oibritheoir gréasán tarraingt amach agus an méid sin a chur in iúl don soláthraí.
2. Custaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta cumarsáide acu.
  - Caithfidh soláthraithe agus oibritheoirí gréasán modh caighdeánaithe a úsáid i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí a bhfuil fadhbanna radhairc acu.
  - Caithfidh soláthraithe agus oibritheoirí modh cumarsáide a fhorbairt do chustaiméirí a bhfuil laguithe éisteachta acu a bheadh cosúil le seirbhís fóin a thairiscint do chustaiméirí a bhfuil gnáthchumas éisteachta acu.
  - Caithfidh oibritheoirí gréasán meicníocht a fhorbairt le héigeandálaí a thairiscint do chustaiméirí a bhfuil laguithe éisteachta acu.
  - Caithfidh oibritheoirí gréasán modh a fhorbairt ionas go mbeidh custaiméirí in ann a chinntiú gur daoine oifigiúla iad na daoine a bhuaileann isteach chucu. I gcás go n-úsáideann soláthraí gníomhairí nó ionadaithe chun cuairt a dhéanamh ar thithe, beidh orthu modh fíorúcháin a fhorbairt.

### **Gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an CRF**

- Déanfaidh an CRF athbhreithniú ar an Pháipéar Cinnidh san am atá le teacht.
- I láthair na huaire, tá an CRF ag oibriú le rannpháirtithe i saol na tionsclaíochta chun foirmeacha iarratais chaighdeánaithe a fhorbairt agus chun cuidiú leo a gcuid seirbhísí a chur i bhfeidhm. Fad is go bhfuil an méid sin ag tarlú, táthar ag forbairt córais TF an tionscail chun eolas a sholáthar do chustaiméirí chun a chinntiú go dtig leo rochtain a fháil ar na seirbhísí atá de dhíth orthu.
- Tá an CRF i mbun seirbhís bhainistíochta a fhorbairt a bheas go huile is go hiomlán dírithe ar thomhaltóirí. Déileálfaidh an tseirbhís seo le fiosrúcháin na gcustaiméirí, le hiarratais ar eolas agus le gearáin faoi na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe Gáis agus Leictreachais dá gcuid custaiméirí. Tá an CRF tiomanta do chomhairliúchán a dhéanamh leis na cuideachtaí cuí agus é ag forfheidhmiú na ngnéithe cumarsáide den tseirbhís seo. Áireoidh an tseirbhís seo seirbhísí speisialta atá de dhíth ar chustaiméirí.
- Oibreoidh an CRF le soláthraithe agus le hoibrítheoirí gréasán go hindibhidiúil agus tríd na fóraim chuí tionsclaíochta chun a chinntiú go gcuirfear seirbhísí fadtéarmacha ar fáil chun custaiméirí leochaileacha a chosaint. Chun monatóireacht a dhéanamh ar an méid sin, beidh CRF ag iarraidh ar sholáthraithe agus ar oibrítheoirí gréasán tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil a dhéanfaidh cur síos ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, líon na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin agus aon ghearáin a fuair siad i dtaca leis na seirbhísí sin.

## 7. Maoiniú

Tá na leithdháiltí cúí i mbuiséad na Roinne don bhliain 2006 leagtha amach sa tábla thíos.

### Vótáil: 30. Cumarsáid, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Leithdháiltí do Thionscnaimh a bhaineann leis an Acht um Míchumas

Fo-mhírcheann	2006 ina iomláine
<i>R/CMAN</i>	<i>€000s'</i>
Seirbhísí Lárnacha –Cothabháil Foirgníochta	750
Tuarastáil do bhaill foirne atá faoi mhíchumas	1,160
Rannán Córais Eolais	30
Institúid na Mara	-
Bord Iascaigh Mhara	-
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe	-
An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha	20
Fuinneamh Inmharthana Éireann	-
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	-
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	-
TG4	-
<b>Iomlán</b>	<b>1,960</b>

## 8. Rochtain Ar Fhoirgnimh

Tá an Roinn tiomanta do thimpeallacht thógtha a sholáthar atá go huile is go hiomlán inrochtaineach do gach duine beag beann ar a gcumas. Chloígh gach obair athchóirithe a rinneadh le déanaí le riachtanais an Achta um Míchumas, 2005. Cuireadh Oifig na nOibreacha Poiblí ar an eolas faoi riachtanais i dtaca leis sin i gcomhthéacs áitreabh oifige a sholáthar don Roinn faoin Chlár Díláraithe.

Tá trí fhoirgneamh ag an Roinn agus iad lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus tá daoine míchumasaithe in ann iad a úsáid gan stró. Tá seomraí cruinnithe agus seirbhísí bialainne ag na foirgnimh ar Bhóthar Adelaide agus Lána Leeson ag an bhunurlár nó tá siad ar fáil trí úsáid a bhaint as ardaitheoir, agus tá leithris do dhaoine míchumasaithe sa dá áit.

Athchóiríodh na hardaitheoirí san fhoirgneamh ag Lána Leeson agus tá braille ann anois do dhaoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu agus scatháin chun cuidiú le húsáideoirí cathaoireacha rotha. Táthar chun na hardaitheoirí san fhoirgneamh ar Bhóthar Adelaide a athchoiriú gan mhoill le comhaontú OOP. Tá athchoiriú á dhéanamh ar an fhoirgneamh ag Beggars Bush faoi láthair agus cloífidh na hoibrithe ar fad leis an Acht um Míchumas, 2005.

Ós rud é go bhfuil an Roinn lonnaithe i roinnt foirgneamh ar fud na tíre atá cláraithe mar 'Fhoirgnimh Liostáilte', ní raibh sé i gcónaí indéanta inrochtaineacht a chinntiú do gach foirgneamh a úsáideann baill foirne na Roinne. Rinneadh iarratas chun áitribh mar sin a uasghrádú a oiread agus is féidir. Mar aon leis sin, i gcás go mbeifear ag iarraidh áitreabh nua d'fheidhmeanna reatha nó d'fheidhmeanna réigiúnacha nó i gcomhthéacs Chlár Díláraithe an Rialtais, tá sé riachtanach go gcloífear leis an Acht ón bhliain 2005.

Tá an Roinn ag oibriú as lámh a chéile leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar laistigh de na foirgnimh ar fad agus úsáideadh an foirgneamh ar Lána Leeson mar shamhail oibre. Léirigh ÚNM a sásamh leis na feabhsúcháin (Audio Loop System sna fáiltithe agus soláthar Lámhleabhar Rochtana) a chuir an Roinn i bhfeidhm. Mar sin féin, tugadh le fios in iniúchadh ÚNM a rinneadh i mí na Nollag 2005/Eanáir 2006 go gcaithfear aire a thabhairt ar roinnt nithe. Tá na sonraí agus an teorainn ama a bhaineann le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúcháin sin ceangailte leis seo mar Aguisín.

Faoin Acht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, 2005, tá Iniúchadh Sábháilteachta á dhéanamh ar fhoirgnimh uile na Roinne agus moltar go gcuirfear riachtanais an Achta um Míchumas, 2005 san áireamh agus an tuarascáil dheiridh á déanamh agus na feabhsúcháin mholta á gcur i bhfeidhm. Táthar ag súil go gcríochnófar an tIniúchadh Sábháilte faoi lár Mheán Fómhair, 2006.

<b>An tÚdarás Náisiúnta Míchumais</b> <b>Táscairí Feidhmíochta</b>		
<b>Beart</b>	<b>Stádas Reatha</b>	<b>Dáta comhlánaithe</b>
Lámhleabhar Rochtana	Ag céim an Dréachta deiridh.	15/07/2006
Baill foirne ar an eolas faoin Lámhleabhar Rochtana	Seoladh an lámhleabhar i lár mhí Iúil agus tá leagan leictreonach ar Líonra inmheánach/ Láithreán Gréasáin	15/07/2006
Fógraíocht chuí - inmheánach & seachtrach	Tá gá le tuilleadh comhairliúcháin le ÚNM chun deireadh a chur le rudaí.	31/07/2006
Audio Loops	Cuireadh isteach iad ag deascanna fáiltithe. Tá suirbhé á dhéanamh ag an chomhlacht atá á gcur isteach chun a fháil amach cé chomh fóirsteanach is atá siad don chóras.	Ag fanacht leis an tuarascáil faoin suirbhé.
Córas aláirim i leithreas atá inrochtaineach	Le cur isteach	31/07/2006
Soilse Eigeandála agus trealamh	Rinneadh na soilse éigeandála a uasghrádú agus tá an obair cláraithe. Córais Aláirim (éigeandáil agus ionróir) ag fanacht leis an tuarascáil faoi shuirbhé OOP.	Ag fanacht le tuarascáil
Athbhreithniú ar na nósanna imeachta Dóiteáin agus Sábháilteachta	Oileadh duine mar mhaor dóiteáin le déanaí. Déanfar an clár dóiteáin agus an logleabhar a uasdhátú i ndiaidh don mhaor clár oiliúna a chríochnú.	15/07/2006

## 9. Rochtain Ar Sheirbhísí

Tá an Roinn tiomanta d'fheabhas ar bhonn leanúnach a chur ar inrochtaineacht a cuid seirbhísí mar eagraíocht agus trasna a cuid áisínreachtaí agus earnálacha, agus tugtar tús áite do inrochtaineacht TFC agus saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht thógtha.

Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar shaincheisteanna rochtana fad is a bheidh an Plean Teascógach i bhfeidhm.

## 10. Nósanna Imeachta Gearán Agus Sásaimh

### Oifigh atá freagrach as an Phlean

Beidh ar an Roinn agus gach ceann de na comhlachtaí poiblí faoina coimirce oifigeach sinsearach a cheapadh agus beidh an duine sin freagrach as cúrsaí míchumais. I ngach cás, beidh an duine a cheapfar freagrach as na tiomantais atá sa Phlean Teascógach a chur i bhfeidhm i dtaca leis an chomhlacht lena mbaineann siad agus as tuairisc agus tadhall a dhéanamh leis an Roinn i ndáil le cúrsaí míchumais.

### Struchtúir i dtaca le Gearáin agus Sásamh

Cinntoidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha go mbeidh nósanna imeachta agus struchtúir i bhfeidhm ag gach ceann de na Comhlachtaí Reachtúla a fheidhmíonn i ndáil leis na hearnálacha a ndíríonn an Plean seo orthu, agus gach ceann de na Comhlachtaí Mara dá dtagraítear in alt 6 den Phlean seo, go mbeidh nósanna imeachta agus struchtúir i bhfeidhm acu faoin 31 Nollaig 2006 chun déileáil le líomhaintí nach bhfuil siad ag cloí le forálacha an Phlean Theascógaigh seo.

Foilseoidh na Comhlachtaí Reachtúla nó Comhlachtaí Mara na nósanna imeachta agus struchtúir uile, a bheas ullmhaithe de réir na gcritéar thuasluaite de réir mar is cuí agus beidh na nithe seo a leanas iontu:

- Nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh agus chun iad a fhiosrú agus cibé cúrsaí eile a bhaineann le gearáin más cuí,
- Ainm agus sonraí teagmhála an duine / na ndaoine laistigh den Chomhlacht Reachtúla nó den Chomhlacht Mara, ar chóir gearáin a sheoladh chuige/chuici. Duine, nó daoine a ainmneofar:
- mar “oifigh ghearáin” agus beidh siad freagrach as fiosrúcháin a láimhseáil faoi réir na nósanna imeachta thuasluaite, agus neamhspleách i bhfeidhmíocht a c(h)uid feidhmeanna.

Agus nósanna imeachta á ndruchtú faoi réir na gcritéar thuasluaite, cuirfidh na Comhlachtaí Reachtúla agus Comhlachtaí Mara an foilseachán seo a leanas de chuid an Ombudsman san áireamh (ar fáil ag <http://www.ombudsman.ie>).

### Treoir an Ombudsman do Ghearáin Inmheánacha

Ullmhófar córais, nósanna imeachta agus struchtúir faoi réir na gcritéar thuasluaite agus cuirfear faoi bhráid an Aire iad chomh luath agus is féidir ach in aon chás, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006 agus tíoctaidh siad i bhfeidhm chomh luath agus a fhaomhfaidh an tAire iad.

Is féidir le duine gearán a dhéanamh leis an Ombudsman i ndáil le cinneadh a rinne oifigeach gearáin i ndáil leis an Phlean Teascógach seo. Beidh foráil sna nósanna imeachta a ullmhófar faoi réir 1.2 (a) thuas i dtaca leis na gearánaithe a chur ar an eolas faoin cheart sin.

Cuirfidh an t-oifigeach gearáin an duine cuí (laistigh den Chomhlacht Reachtúil nó Comhlacht Mara) atá freagrach as cúrsaí rochtana ar an eolas faoin chinneadh a dhéanfar i dtaca le gach gearán. Beidh ar

an duine chuí breithniú a dhéanamh ar na cúrsaí a ndearnadh gearán fúthu agus, más cuí, moltaí a dhéanamh chun a chinntiú go gcloífeadh le cinneadh an oifigigh ghearáin, agus an foilseachán seo a leanas de chuid an Ombudsman curtha san áireamh (ar fáil ag <http://www.ombudsman.ie>).

### **Treoir an Ombudsman i dtaca le Sásamh a sholáthar**

Beidh ar gach Comhlacht Reachtúil nó Comhlacht Mara a fhiosróidh gearán faoin Phlean seo tuairisc a dhéanamh don Aire ar bhonn bliantúil i ndáil le gearáin a bhaineann le líomháintí nár cloíodh le forálacha an Phlean, agus na hathruithe a rinneadh, nó a moladh, chun a chinntiú go bhfuil rochtain níos fearr ar fáil ag na seirbhísí a ndíríonn an Plean seo orthu.

Beidh ar gach Comhlacht Reachtúil nó Comhlacht Mara a bhfuil dualgas reachtúil air tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus/nó a fhoilsiú; beidh orthu tuarascáil ar dhul chun cinn a sholáthar ar bhonn bliantúil maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Theascógaigh i ngach ceann dá dtuarascálacha bliantúla.



# Aguisín 1

## Forfheidhmiú Forálacha Áirithe Den Acht Um Míchumas 2005 I Gcomhlachtaí Áirithe Leathstáit

BSL			
Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí – Alt 25			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúran BSL a dhéanamh inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;	✓		Tá Innealtóir Seirbhísí Custaiméirí BSL agus Bainisteoir Áiseanna BSL freagrach as gach áitreabh de chuid BSL.
Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtais ÚNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchoiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.	✓		Ó druideadh siopaí BSL, is é an rud a dhéanann custaiméirí BSL anois de ghnáth ná teagmháil a dhéanamh trí Lárionad Teagmhála BSL seachas cuairteanna pearsanta chuig áitribh BSL.
Foirgnimh a shainaithint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais.		✓	Sna háitribh atá níos mó – tuigean BSL an tábhacht a bhaineann le rochtain do chuariteoirí míchumasacha ar an ábhar gurb iad sin na príomhphointí teagmhála idir an pobal agus pearsanra BSL; cloíonn gach ceann acu le coincheapanna rochtana uilíche.  Cloíonn gach tionscadal tógála agus athchóirithe de chuid BSL, lena mbaineann ionchur gairmiúil ó ailtirí (Grúpa Tógála agus Foirgníochta Idirnáisiúnta, BSL Idirnáisiúnta) le Rialacha Tógála Cuid M, agus fiosraítear coincheapanna na rochtana uilíche ag céimeanna deartha an tionscadail agus cuirfear i bhfeidhm iad le linn na tógála más cuí.

Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá príomhsheirbhísí poiblí agus, sna cásanna cuí, bearta a shainaithint chun iad a dhéanamh inrochtaineach.	✓		Tá BSL tiomanta do dheimhin a dhéanamh go bhfuil a chuid seirbhísí chomh furasta a fháil agus is féidir dá chuid custaiméirí ar fad. Mar pháirt den tiomantas seo, chuir BSL tús le Clár Cúram Custaiméirí do dhaoine scothaosta agus tá sé mar aidhm aige bróisiúr úr a sheoladh i dtaca le "Custaiméirí le Riachtanais Speisialta". Beidh sé sin le feiceáil ar láithreán gréasáin BSL.
Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as an méid seo a leanas a sholáthar nó a shocrú: cibé cúnaimh agus treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha rochtain a fháil ar sheirbhísí.	✓		I láthair na huairé, is ionann na freagrachtaí atá ag oifigeach agus Oifigeach Rochtana. Mar sin féin, tá BSL ag fiosrú an dóigh is fearr chun cur leis sin agus an dóigh is fearr chun próifíl a dhéanamh air.
Cinntiú go dtuigeann an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil;	✓		
Saineolas a shainaithint agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.	✓		
Inrochtaineacht na seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí - Alt 27			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasáí agus na nósanna imeachta i dtaca le soláthar poiblí;	✓		Tá Bainisteoir Soláthair BSL ar an eolas faoin ghá atá le hinrochtaineacht a chur san áireamh sa phróiseas tairisceana agus seo a leanas na critéir a shonraítear:
Nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go sonraítear riachtanais rochtana i gcáipéisíocht tairisceana agus i gcritéir ábhartha le haghaidh tairiscintí rathúla a roghnú.	✓		

Access to Information - Section 28			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Atbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann chun eolas a sholáthar don phobal.	✓		Seo a leanas cuid de na tionscnaimh a áirítear faoin chlár "Custaiméirí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu": <b>Téacsfhóin (Minicoms)</b> a ligeann do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta acu cumarsáid a dhéanamh trí úsáid a bhaint as scáileán ar theileafón s'acu.
Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainnaint le haghaidh formáidí inrochtana eolais a fháil ón Roinn nó ón chomhlacht;	✓		Tugtar <b>billí i bhfoirm braille</b> do chustaiméirí a bhfuil fadhbanna radhairc acu má iarrann siad iad.  Tugtar <b>Billí Taifeadta</b> do chustaiméirí a bhfuil fadhbanna radhairc acu má iarrann siad iad.
Teorainneacha ama a leagadh síos i dtaca le hiarratais ón phobal a phróiseáil i dtaca le heolas inrochtaineach;	✓		Tugtar <b>Billí i gCló Mór</b> do chustaiméirí a bhfuil fadhbanna radhairc acu má iarrann siad iad.  <b>Billí a athsheoladh</b> - Is féidir le dluthchara nó duine muinteartha bheith ainmnithe leis an bhille leictreachais a fháil ionas gur féidir leis/léi déileáil leis de réir treoracha s'agatsa.
Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtaineacha			<b>Éisteacht Thuisceanach</b> - Oileadh roinnt ball foirne ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí a bhfuil laguithe éisteachta acu.
Atbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht na láithreán gréasáin phoiblí a bhfuil tú freagrach astu.			<b>Clár Custaiméirí a bhfuil Trealamh Leighis sa bhaile acu</b> - I gcás na gcustaiméirí atá ag brath ar threalamh leictreach, déanfaimid gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil soláthar leictreachais ar bhonn leanúnach ar fáil. Tá sé de nós ag BSL cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta, radhairc nó inchinne acu i bhformáid a fhreastlaíonn ar a gcuid riachtanais indibhidiúla.  I dtaca le cumarsáid leictreonach, rinneadh iniúchadh seachtrach ar láithreán gréasáin BSL <a href="http://www.esb.ie">www.esb.ie</a> le déanaí le fáil amach cé chomh maith agus a chloíonn sé le teicneolaíocht oiriúnaitheach. I láthair na huaire, cloíonn sé le Treoirlínte Rochtaineachta Inneachair Ghréasáin (WCAG Leibhéal A). Táthar chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an láithreán. Mar chuid de sin, beidh uasghrádú de dhíth go dtí leibhéal AA, leibhéal níos airde de chuid WCAG

Fostaíocht sa tseirbhís phoiblí – Alt 47			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%;	✓  ✓		<p>Tá níos mó na 3% bainte amach ag BSL (5.5% i 2004).</p> <p>Tugann gach fógra fostaíochta, inmheánach agus seachtrach, le fios gur 'Fostóir Comhionannas Deiseanna é BSL'. Iarrtar ar gach ábhar fostaithe a thabhairt le fios an bhfuil aon riachtanais speisialta acu nuair a bhíonn orthu freastal ar agallaimh.</p> <p>Mar pháirt den Fheachtas Earcaíochta Printíseachta 2005, cuireadh léitheoir ar fáil d'iarratasóirí disléicseacha le linn trialacha cumais. Lena chois sin, cheadaigh BSL níos mó ama do na hiarratasóirí sin.</p>

RTÉ			
Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí – Alt 25			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm? Tá      Níl		Má tá, cur síos gairid
Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúirann tú inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;	✓		Athbhreithniú a dhéanamh ar gach áitreabh sláintíoch, ardaitheoirí, doirse rochtana chuig gach limistéar poiblí; tá athbhreithniú iomlán ar áitreabh ar siúl.
Foirgnimh a shainaitheint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais	✓		Is struchtúir chosanta iad Montrose House agus Mount Errol araon. Déanfar obair leasúcháin sa dá chás.
Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtais ÚNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchoiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.	✓		Cuid den Samhail um Chleachtas Oibre i dtaca le Bainistíocht Áiseanna.
Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm? Tá      Níl		Má tá, cur síos gairid
Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá na seirbhísí poiblí príomhshrutha agus, sna cásanna cuí, bearta a shainaitheint chun iad a dhéanamh inrochtaineach;	✓		Féach ar Alt 25.
Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as an méid seo a leanas a sholáthar nó a shocrú: cibé cúnaimh agus treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha rochtain a fháil ar sheirbhísí;		✓	Táthar ag breithniú cé acu ba chóir nó nár chóir Oifigeach Rochtana a cheapadh faoi láthair.
Cinntiú go dtuigeann an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil;		✓	Féach thuas
Saineolas a shainaitheint agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.		✓	Féach thuas

Inrochtaineacht na seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí - Alt 27			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí agus na nósanna imeachta i dtaca le soláthar poiblí;	✓		Tá athbhreithniú ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta Ceannacháin RTÉ beartaithe do 2006.
Nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go sonraítear riachtanais rochtana i gcáipéisíocht tairisceana agus i gcritéir ábhartha le haghaidh tairiscintí rathúla a roghnú.	✓		Mar a shonraítear thuas.
Rochtain ar Eolas – Alt 28			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann i dtaca le heolas a sholáthar don phobal;	✓		Folsíonn RTÉ eolas cuimsitheach ar láithreán gréasáin s'aige faoina chuid feidhmeanna ar fad. Déantar athbhreithniú ar an eolas seo ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil sé beacht. D'fhreagair Oifig Eolais RTÉ 37,575 scairt ghutháin agus 8,969 le linn 2005.
Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainiú le formáidí inrochtana a fháil don eolas a sholáthraíonn an Roinn nó comhlacht;		✓	
Teorainneacha ama a leagadh síos i dtaca le hiarratais ón phobal a phróiseáil i dtaca le heolas inrochtaineach;	✓		Tá tiomantas ar láithreán gréasáin RTÉ a thugann le fios go bhfaighidh gach scairt, litir agus ríomhphost freagairt chuimsitheach laistigh de 4 seachtaine.
Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtaineacha	✓		Cuireann RTÉ a chuid seirbhísí chun cinn trí gach meán dá chuid.
Athbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin ghreásáin a bhfuil tú freagrach astu.	✓		Déanann RTÉ athbhreithnithe rialta ar an úsáid phoiblí a bhaintear as a chuid seirbhísí chun a chinntiú go bhfeidhmítear ag an chaighdeán is airde.

Fostaíocht sa tseirbhís phoiblí – Alt 47			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%;</p> <p>Breithniú a dhéanamh ar bhearta cuí dearfacha agus iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an sprioc.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>		<p>Maidir le daoine míchumasacha a fhostú, tá polasaí éagsúlachta i bhfeidhm ag RTÉ a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn i dtaca le gach gné de chúrsaí fostaíochta (earcaíocht, oiliúint, dul chun cinn sa tslí bheatha). Lena chois sin, tá treoirlínte i bhfeidhm ag RTÉ do gach bord agallaimh a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn in earcaíocht de gach sórt.</p> <p>Ón 31 Samhain 2005, d'fhéadfaí a rá go raibh míchumas ar 2.38% d'fhoireann RTÉ.</p> <p>Déileáladh leis na hiarratais riachtanacha ar bhonn cáis i ndiaidh cáis ar nós suíocháin, soilse srl.</p>

BORD GÁIS EIREANN			
Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí – Alt 25			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúirann tú a dhéanamh inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;</p> <p>Foirgnimh a shainaitheint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais;</p> <p>Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtais ÚNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchóiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		<p>Tá na foirgnimh ar fad atá ag Bord Gais Éireann agus a bhfuil limistéir poiblí acu, tá siad inrochtaineach do dhaoine míchumasacha. Tógadh na foirgnimh sin ar fad laistigh den seacht mbliana seo a chuaigh thart agus cloíonn siad le Cuid M de na rialacha tógála.</p> <p>Cinntoidh BGÉ go gcuirfear an Cód Cleachtais ón Údarás Náisiúnta Míchumais san áireamh. i. an Cód i ndáil le foirgnimh inrochtaineacha.</p>
Obair i Limistéir Phoiblí			
<p>Is í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht do Ghréasáin Bhord Gáis agus déantar gach obair i limistéir poiblí de réir an chleachtais is fearr chun a chinntiú go bhfuil na hoibreacha agus an pobal i gcoitinne thart ar an láthair oibre slán sábháilte.</p>			
Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá seirbhísí poiblí príomhshrutha agus, sna cásanna cuí, bearta a shainaitheint chun iad a dhéanamh inrochtaineach;</p>	<p>✓</p>		<p>Tá BGÉ tiomanta do chórais agus do nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil a chuid seirbhísí inrochtaineach do dhaoine míchumasacha. Áiríonn sé sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- rogha a thabhairt do dhaoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu billí agus bileogaí eolais a fháil i bhfoirm braille;</li> <li>- billí a eisiúint do dhuine ainmnithe ar leith más rud é nach bhfuil an custaiméir ábalta déileáil leo nó más rud é nach mian leis an chustaiméir déileáil leo.</li> </ul>



ar lean...		
<p>Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as an méid seo a leanas a sholáthar nó a shocrú: cibé cúnaimh agus treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha úsáid éifeachtach a bhaint as na seirbhísí;</p>	✓	<ul style="list-style-type: none"> <li>- seirbhís minicom a bhunú, a ligean do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta acu cumarsáid a dhéanamh trí úsáid a bhaint as scáileán ar theileafón s'acu.</li> <li>- tá sé beartaithe go gcuirfear eolas do chustaiméirí ar nós Cóid Chleachtais agus téarmaí agus coinníollacha ar fáil i bhforim CD do chustaiméirí a bhfuil fadhbanna radhairc acu.</li> </ul> <p>Tuigean BGÉ go maith na deacrachtaí a d'fhéadfadh bheith ag custaiméirí más rud é go ndícheanglaítear iad le linn an gheimhridh agus, má theann an custaiméir i dteagmháil le BGE, déanfar iarracht an scéal a fhiosrú sula ndéanfaí beart mar sin. Beidh BGÉ i gcónaí sásta roghanna a thabhairt do chustaiméirí i dtaca le billí a íoc.</p>
<p>Cinntiú go dtuigean an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil;</p>	✓	<p>Ceapadh Bainisteoir um Chúram Custaiméirí BGÉ mar Oifigeach Rochtana chun a chinntiú go ndéanfar comhordú ar an chúnaimh agus an treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha úsáid éifeachtach a bhaint as na seirbhísí. Tabharfar le fios ar láithreán gréasáin BGÉ go bhfuil an t-oifigeach rochtana sin ar fáil.</p>
<p>Saineolas a shainaithe agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.</p>	✓	<p>Chomh maith leis sin, tá Gréasáin Bhord Gáis ag iarraidh clár Seirbhísí Speisialta a chur i bhfeidhm do thionscal an gháis in Éirinn faoi mhí Feabhra 2007. Tá an clár sin de dhíth faoi na Cóid Chleachtais atá ag Soláthraithe agus Gréasáin Bhord Gáis do Chustaiméirí Leochaileacha. Chun na Cóid sin a sheoladh agus chun ligint do chustaiméirí iad féin a chlárú mar chustaiméirí leochaileacha, caithfear clár custaiméirí leochaileacha a bhunú i gceart ionas go mbaileofaí sonraí i gceart agus ionas gur féidir seirbhísí speisialta a sholáthar de réir mar is cuí. De bharr na n-athruithe riachtanacha do chórais TF agus Rialacha Mhargadh an Gháis, ní bheidh an Bunachar Lárnach Sonraí seo i bhfeidhm go dtí Feabhra 2007 don mhargadh in Éirinn. Rinneadh tadhall le grúpaí ionadaíochta leis an chlár seo a chur le chéile agus cuireadh oibleagáidí BGÉ faoin Acht um Míchumas (2005) san áireamh.</p>

Inrochtaineacht na seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí - Alt 27			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasáí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i dtaca le soláthar poiblí;</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go sonraítear riachtanais rochtana i gcáipéisíocht tairisceana agus i gcritéir ábhartha le haghaidh tairiscintí rathúla a roghnú.</p>			<p>Beidh an ceanglas seo mar pháirt lárnach i bpróisis earcaíochta san am atá le teacht.</p> <p>Ceapadh Oifigeach Fiosrúcháin chun gearáin daoine aonair a phróiseáil i dtaca le aon teip de chuid BGÉ rochtain a sholáthar de réir mar atá de dhíth faoi ailt 25-29.</p>
Rochtain ar eolas – Alt 28			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann i dtaca le heolas a sholáthar don phobal.</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainaithint le haghaidh formáidí inrochtaineacha eolais a fháil ón Roinn nó ó chomhlacht;</p> <p>Teorainneacha ama a leagadh síos le hiarratais ón phobal a phróiseáil i dtaca le heolas atá inrochtaineach.</p> <p>Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtaineacha;</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin ghréasáin a bhfuil tú freagrach astu.</p>			<p>Tá láithreán gréasáin BGÉ á fhorbairt faoi láthair go dtí caighdeán A Singil, rud a chiallaíonn go gcloíonn sé le caighdeán 1/A tosaíocht do Threoirlínte agus Theicnící W3C (<a href="http://www.w3.org/WAI/guid-tech.html">http://www.w3.org/WAI/guid-tech.html</a>). Tá téipscripteanna gach fógra béil agus leagan cló mór d'aon bhileog eolais ar fáil ó Roinn Caidrimh Phoiblí BGÉ ach iad a iarraidh.</p>

Gearáin chuig an Ombudsman – Ailt 38, 39 & 40			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Ensure that procedures are in place to monitor compliance with 3% target;</p> <p>Consider and implement, as appropriate, positive actions to ensure compliance with the target.</p>			<p>Ceapadh PríomhOifigeach Dlí BGÉ mar oifigeach fiosrúcháin chun gearáin daoine aonair a phróiseáil i dtaca le teip BGÉ rochtain a sholáthar de réir mar is gá faoi ailt 25 go dtí 29 den Acht.</p>
Fostaíocht sa tseirbhís phoiblí – Alt 47			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%;</p> <p>Breithniú a dhéanamh ar bhearta cuí dearfacha agus iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an sprioc.</p>			<p>In Aibreán 2003, chinn Bord Bhord Gáis Éireann gur chóir fostaíocht na ndaoine míchumasacha a chur chun cinn. Mar chuid den pholasáí sin, socraíodh gur chóir úsáid a bhaint as idirdhealú dearfach chun cuóta 3% a bhaint amach. Cuireann sé sin cur chuige cuimsitheach chun cinn i dtaca le deiseanna níos fearr a sholáthar do dhaoine míchumasacha.</p> <p>Tugann gach fógra poist le fios gur fostóir comhionannais deiseanna é BGÉ agus iarrtar ar gach iarratasóir a thabhairt le fios cé acu ar chóir aon riachtanais speisialta a chur i bhfeidhm chun ligean dóibh freastal ar agallamh.</p> <p>Chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach sa réimse seo, d'iarr BGÉ cúnamh ó Chomhairleoirí Access Ability, Workway agus FÁS agus bhain sé trí ghradam le déanaí ag Duaiseanna Cumais O2 don chleachtas is fearr sa réimse sin.</p> <p>Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na cleachtais atá ann cheana chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais an Achta.</p>

<b>EIRGRID</b>		
<b>Réamhrá</b>		
<p>San am atá le teacht, rachaidh EirGrid i gceannas ar fheidhmíocht chóras tarchuir leictreachais in áit Ghreille Náisiúnta BSL (GNBSL). I láthair na huaire, tá GNBSL, mar Oibríteoir Córais Tarchuir (OCT) freagrach as córas tarchuir leictreachais náisiúnta na hÉireann a rith, rud a dtugtar an ghreille náisiúnta air. I measc na gcúraimí atá aige, tá pleanáil agus forbairt an chórais, giniúint a sceidealú agus a sheoladh amach, margadh cothrom leictreachais a rith agus slándáil an chórais a chinntiú. Aonad Gnó de chuid BSL is ea GNBSL agus ar an ábhar sin, baineann na nósanna imeachta agus na polasaithe uile i ndáil le comhlíonadh leis an Acht um Míchumas 2005, baineann siad le Greille Náisiúnta BSL chomh maith.</p> <p>Is leis an Stát EirGrid agus bunaíodh é de bharr cinnidh rialtais eagraíocht neamhspleách a chruthú chun an fheidhm OCT a chur i gcrích, chun cuidiú le tionscal leictreachais na hÉireann a léirscaoileadh agus chun margadh iomaíoch a fhorbairt.</p>		
<b>Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí – Alt 25</b>		
<b>Bearta Riachtanacha</b>	<b>An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?</b> Tá      Níl	<b>Má tá, cur síos gairid</b>
<p>Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúirann tú a dhéanamh inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;</p> <p>Foirgnimh a shainnithint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais;</p> <p>Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtas ÚNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchoiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.</p>		<p>I láthair na huaire, tá Greille Náisiúnta BSL/EirGrid lonnaithe in oifigí laistigh de Phríomhoifig BSL ag Sráid Fitzwilliamn Íochtarach. Tá EirGrid tiomanta do chomhoibriú le BSL (mar úinéirí) chun a chinntiú go gcloifidh siad le ceanglais an Acha um Míchumas.</p> <p>Tá Bainisteoir Áiseanna BSL freagrach as áitreabh na príomhoifige. Cloíonn na príomhoifigí leis an choincheap gur chóir go mbeadh gach duine in ann iad a úsáid go furasta agus cloifidh aon tionscadail athchóirithe, a mbeidh ailtirí gairmiúla páirteach iontu, le Rialacha Tógála Cuid M, agus breithneoidh siad coincheapa rochtana ag céim an deartha agus le linn na tógála más cuí.</p> <p>Tá staisiún tarchuir lonnaithe ar fud na hÉireann agus níl an gnáthphobal ábalta a theacht orthu. Mar chuid de Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Rialacháin Ghinearálta) Rialacháin 1993 (Cuid 8) caithfidh sconsa daingean bheith thart ar láithreáin oibre den chineál sin agus níl ach daoine údaraithe ábalta dul isteach iontu.</p> <p>Tá EirGrid ag cuardach foirgneamh breá nua-aimseartha den tríú glúin a fhreastlóidh ar na riachtanais ar fad atá sa reachtaíocht reatha (lena n-áirítear na ceanglais riachtanacha mhíchumais). Go dtí seo, dhírigh siad ar foirgnimh thógtha nó ar foirgnimh a críochnaíodh le gairid.</p>

Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá seirbhísí poiblí príomhshrutha agus, sna cásanna cuí, bearta a shainaithint chun iad a dhéanamh inrochtaineach;</p> <p>Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as an méid seo a leanas a sholáthar nó a shocrú: cibé cúnaimh nó treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha úsáid cheart a bhaint as na seirbhísí;</p> <p>Cinntiú go dtuigeann an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil;</p> <p>Saineolas a shainaithint agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.</p>			<p>Tá na seirbhísí a sholáthraíonn EirGrid á soláthar don tionscal leictreachais agus do líon beag mórchustaiméirí, ach ní sholáthraítear don phobal iad.</p> <p>Tá sé beartaithe go mbeidh na seirbhísí cuí ar fad a sholáthraíonn EirGrid, inrochtaineach do dhaoine, tríd an phost nó go leictreonach, rud a chinnteoidh an rochtain is forleithne agus is féidir. Ceann de na nithe is tábhachtaí i dtaca le himeachtaí a reáchtáil taobh amuigh den cheanncheathrú ná rochtain do dhaoine míchumasacha. Ceapfaidh EirGrid oifigeach rochtana.</p> <p><b>Láithreán Gréasáin</b> - Tá Greille Náisiúnta BSL/ EirGrid tiomanta do dheimhin a dhéanamh go bhfuil láithreán gréasáin s'acu ag cloí le ceanglais an Achta um Míchumas. Chuige sin, tá sainchomhairleoir ceaptha ag EirGrid chun iniúchadh a dhéanamh ar an láithreán gréasáin agus clár a dhéanamh amach i ndáil le hinrochtaineacht an ghréasáin. Cuirfidh EirGrid an clár sin i bhfeidhm i dtaca leis an láithreán a fheabhsú chun a chinntiú go gclófidh siad leis na caighdeáin atá de dhíth chun a bheith ag comhlíonadh leis an Acht. Chomhthadhláigh EirGrid leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar an cheist seo.</p>
Inrochtaineacht na seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí - Alt 27			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí agus na nósanna imeachta i dtaca le soláthar poiblí.</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go sonraítear riachtanais rochtana i gcáipéisíocht tairisceana agus i gcritéir ábhartha le haghaidh tairiscintí rathúla a roghnú.</p>			See above

Rochtain ar Eolas - Alt 28			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann i dtaca le heolas a sholáthar don phobal.</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainaithint le haghaidh formáidí inrochtaineacha eolais a fháil ón Roinn nó ó chomhlacht;</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainaithint le haghaidh formáidí inrochtaineacha eolais a fháil ón Roinn nó ó chomhlacht;</p> <p>Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtaineacha;</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin ghréasáin a bhfuil tú freagrach astu.</p>			<p>Tá Greille Náisiúnta BSL/ EirGrid tiomanta do dheimhin a dhéanamh go bhfuil láithreán gréasáin s'acu ag cloí le ceanglais an Achta um Míchumas. Chuige sin, ceapfaidh EirGrid sainchomhairleoir go luath chun iniúchadh a dhéanamh ar an láithreán gréasáin agus clár a dhéanamh amach i ndáil le inrochtaineacht ghréasáin. Cuirfidh siad an clár sin i bhfeidhm i dtaca leis an láithreán a fheabhsú chun a chinntiú go gcloífidh siad leis na caighdeáin atá de dhíth chun bheith ag comhlíonadh leis an Acht. Chomhthadhlaiigh EirGrid leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar an cheist seo.</p>
Fostaíocht sa tseirbhís phoiblí - Alt 47			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%</p> <p>Breithniú a dhéanamh ar bhearta cuí dearfacha agus iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar leis an sprioc.</p>			<p>Tá an córas lorgaireachta riachtanach ag EirGrid chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil siad ag cloí ar bhonn leanúnach leis an sprioc de 3% i dtaca le daoine míchumasacha a fhostú. Déanann siad athbhreithniú ar ár gcleachtais earcaíochta chun an cleachtas is fearr a bhaint amach i dtéarmaí bearta dearfacha a dhéanamh de réir mar is cuí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le Cuid 5 den Acht. Spreagfaidh gach ceann dá bhfógraí iarratais ó dhaoine míchumasacha agus cinnteoidh siad go ndéanfar na hiarrachtaí is fearr chun aon bhacanna fostaíochta a chur ar leataobh. Tá sé mar aidhm acu Nós Imeachta scríofa ar leith a dhéanamh suas do dhaoine míchumasacha, rud a chuirfear chun cinn ar fud an ghnó.</p>

FUINNEAMH INMHARTHANA ÉIREANN (FIÉ)			
Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí – Alt 25			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúránn tú a dhéanamh inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;</p> <p>Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtais UNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchoiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.</p> <p>Foirgnimh a shainaithint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>Tá SIE mar a bheadh tionónta ann ar shuíomh Fhiontraíocht Éireann. Tuigeann SIE go ndéanann FÉ iarracht i gcónaí chun a chinntiú go bhfuil gach foirgneamh inrochtaineach agus fóirsteanach dóibh siúd a bhfuil míchumas orthu.</p> <p>Nuair a bheas FIÉ ag dearadh a fhoirgnimh nua, cinnteoidh sé go gcloífidh sé go huile is go hiomlán le Cód Cleachtais ÚNM.</p>
Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbheithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá príomhsheirbhísí poiblí agus, sna cásanna cuí, bearta a shainaithint chun iad a dhéanamh inrochtaineach;</p> <p>Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as comhordú a dhéanamh ar an chúnaimh agus an treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha úsaid cheart a bhaint as na seirbhísí;</p> <p>Cinntiú go dtuigeann an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil.</p> <p>Saineolas a shainaithint agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>Is féidir na seirbhísí a sholáthraíonn FIÉ don phobal a chatagóiriú go gineáralta mar eolas agus comhairle. Go gineáralta, soláthraítear na seirbhísí sin trí fhoilseacháin, imeachtaí agus mhodhanna eile cumarsáide. Féach Alt 28.</p> <p>I gcás go mbíonn cruinnithe de dhíth leis an pobal nó le cuideachtaí, agus má réachtáiltear iad laistigh d'áitribh SEO, titeann sé sin faoi alt 25 thuas.</p> <p>Ina áit sin, réachtáiltear cruinnithe in áiteanna agus níl siad faoi réir an cheanglais sin.</p> <p>Nuair a eagraíonn FIÉ imeachtaí don phobal (ar bhonn príobháideach nó gnó) in áiteanna ar fud na tíre, bheadh an t-óstán nó an t-ionad freagrach as cúrsaí rochtana ansin.</p> <p>Amach anseo, nuair a bheas FIÉ ag roghnú ionad le haghaidh cruinnithe, cuirfidh sé cúrsaí rochtana san áireamh, go háirithe má bhíonn a fhios aige go mbeidh gá le háiseanna den chineál sin. (Is fíorannamh a bhíonn imeachtaí FIÉ oscailte go huile is go hiomlán agus, dá bharr sin, beidh FIÉ ar an eolas faoi cé a bheas i láthair agus na riachtanais atá acu.).</p>

Inrochtaineacht na seirbhísí a sholáthraítear do chomhlacht poiblí - Alt 27			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i dtaca le soláthar poiblí.</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go sonraítear riachtanais rochtana i gcáipéisíocht tairisceana agus i gcritéir ábhartha le haghaidh tairiscintí rathúla a roghnú.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>		I dtéarmaí na dtairgí agus na seirbhísí a fhaightear, ní bhaineann an ceanglas sin le SIE i gcoitinne.
Rochtain ar Eolas - Alt 28			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann i dtaca le heolas a sholáthar don phobal.</p> <p>Nósanna imeachta a bhunú agus foinsí a shainaithint le haghaidh formáidí inrochtana eolais a fháil ón Roinn nó ó chomhlacht;</p> <p>Teorainneacha ama a leagadh síos le hiarratais ón phobal le haghaidh eolas inrochtanach a phróiseáil.</p> <p>Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtaineacha.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht na láithreán gréasáin a bhfuil tú freagrach astu.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		<p>Ceann de na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn SIE ná eolas a sholáthar. Chuige sin, tá a chuid eolais ar fad, lena n-áirítear foilseacháin agus preaseisiúintí srl. ar fáil ar láithreán gréasáin SIE. Seoladh láithreán gréasáin SIE i Mí na Nollag 2005 agus, i láthair na huaire, cloíonn sé go huile is go hiomlán le Treoirlínte Inrochtaineachta Ábhair. Ghréasáin (WCAG) Leibhéal AA.</p> <p>Lena chois sin, mar atá sainithe i gCairt Chustaiméirí SIE "Tá muid tiomanta don inrochtaineacht agus an rogha is forleithne agus is féidir a sholáthar i dtaca lenár gcuid seirbhísí a sholáthar, fad is go ndéanaimid iarracht freastal ar éagsúlacht i dtéarmaí teanga agus riachtanais fhisiciúla a oiread agus is féidir de réir mar a thagann siad chun cinn.</p>



Fostaíocht sa tSeirbhís phoiblí - Alt 47			
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm?		Má tá, cur síos gairid
	Tá	Níl	
<p>Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%.</p> <p>Breithniú a dhéanamh ar bhearta cuí dearfacha agus iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloífead leis an sprioc.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>		<p>Sa bhliain 2005, bhí níos mó ná 3% d'fostaithe SIE míchumasach sa mhéid is go raibh duine míchumasach amháin fostaithe; d'fhág an duine sin SIE ó shin.</p> <p>Spreagann na gníomhaíochtaí earcaíochta ar fad de chuid SIE iarratais ó dhaoine de gach sórt.</p> <p>Déanann SIE iarracht ar bhonn leanúnach na bacanna atá sa láthair oibre do dhaoine míchumasacha a chur ar leataobh.</p>

AN PRÍOMH-BHORD IASCAIGH (PBI)		
Rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí - Alt 25		
Bearta Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm? Tá Níl	Má tá, cur síos gairid
<p>Clár oibreacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na foirgnimh a úsáideann, a bhainistíonn nó a stiúirann tú a dhéanamh inrochtaineach le linn na tréimhse 2006 go dtí 2015;</p> <p>Foirgnimh a shainaitheint, más ann dóibh, atá le bheith saor ó na riachtanais agus comhairle a dhéanamh le comhlachtaí cuí eile sula gcuirfear Ordú Aire faoi bhráid an Oireachtais.</p> <p>Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cód cleachtas UNM san áireamh agus foirgnimh á n-athchoiriú nó nuair a bheas foirgnimh nua á dtógáil.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>Bhog CFB isteach in oifigí úra in Sord le déanaí. Cé gur tharla sé sin sular cuireadh reachtaíocht 2005 i bhfeidhm, bhí na haitirí ar an eolas faoin na riachtanais rochtana. Mar sin féin, socraíodh gur chóir do "Access Ability" (comhairleoirí a dhíríonn ar chúrsaí rochtana do dhaoine míchumasacha ach go háirithe) iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an fhoirgneamh agus bhí sé sin le tarlú ag tús mhí Aibreáin 2006. De bharr an iniúchta sin, tuigean CFB go bhfuil roinnt mionchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí rochtana do dhaoine míchumasacha agus beidh muid ag bualadh le comhairleoirí níos moille an mhí seo chun riachtanais a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh orthu agus an dóigh inar féidir a gcuid moltaí a chur i bhfeidhm.</p> <p>Beidh na háitribh ag Baile Mhic Gabhann in Glas Naeidhe ag druidim go hiomlán gan mhoill. Ar an ábhar sin, ní thiocfaidh ceist na hinrochtaineachta chun cinn.</p> <p>Ceapadh an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta mar Oifigeach Rochtana – Foirgnimh, agus beidh sé ag déileáil leis na gearáin nó na saincheisteanna a ardóidh an pobal i dtaca le rochtain ar fhoirgnimh de.</p>
Rochtain ar Sheirbhísí, srl Alt 26		
Bearta Riachtanacha		Má tá, cur síos gairid
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh hinrochtaineach agus atá seirbhísí poiblí príomhshrutha agus sna cásanna cuí bearta a shainaitheint chun iad a dhéanamh inrochtaineach;</p> <p>Oifigeach rochtana amháin ar a laghad a cheapadh a bheas freagrach as comhordú a dhéanamh ar an chúnadh agus an treoir a bheas de dhíth chun cuidiú le daoine míchumasacha úsáid cheart a bhaint as na seirbhísí;</p>		<p>Níl eolas ar fáil go forleathan don phobal go dtí seo (i bhfoirm bróisiúr, láithreáin ghréasáin srl.) ar shuímh chuí a aimsiú do dhaoine míchumasacha.</p> <p>Mar sin féin, tá sé mar aidhm ag CFB gach eolas cuí a bhailiú agus é a fhoilsiú ar láithreán gréasáin s'againne, mar aon le saintreoir d'iascairí míchumasacha. Tagraítear don tSeirbhís Leabharlainne thíos.</p>

ar lean...		
<p>Cinntiú go dtuigeann an pobal go bhfuil oifigeach rochtana ar fáil;</p> <p>Saineolas a shainaithint agus a aimsiú chun comhairle a fháil i dtaca le seirbhísí a dhéanamh inrochtaineach do dhaoine míchumasacha.</p>		Féach thíos, alt 28.
Rochtain ar Eolas - Alt 28		
Beartha Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm? Tá      Níl	Má tá, cur síos gairid
<p>Athbheithniú a dhéanamh ar na socrúithe atá ann i dtaca le heolas a sholáthar don phobal.</p> <p>Teorainneacha ama a leagadh síos le hiarratais ón phobal a phróiseáil i dtaca le heolas inrochtaineach;</p> <p>Tabhairt le fios cé chomh furasta agus atá sé do chustaiméirí a theacht ar fhormáidí inrochtanacha;</p> <p>Athbheithniú a dhéanamh ar na láithreáin ghreásáin a bhfuil tú freagrach astu</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>I láthair na huaire, tá CFB ag smaoineamh ar Oifigeach Rochtana d'Eolas a cheapadh chun na modhanna éagsúla a fhiosrú chun eolas a sholáthar do dhaoine míchumasacha agus chun deileáil le fiosrúcháin/gearáin ó chustaiméirí i ndáil le rochtain ar eolas. Tá tuilleadh taighde de dhíth sa réimse seo agus déanfar sin a fhiosrú níos mó nuair a cheapfar Oifigeach Rochtana. Iarrfar comhairle ón ÚNM, Comhairle Náisiúnta na nDall srl.</p> <p>Níor chuir CFB eolas ar láithreán gréasáin s'acu go fóill faoi Oifigigh Rochtana agus aon pholasaithe/chóid chleachtas sa réimse seo agus déanfar an méid sin nuair a cheapfar an dara hOifigeach Rochtana (Eolas)</p>
Fostaíocht sa tseirbhís phoiblí - Alt 47		
Beartha Riachtanacha	An bhfuil na bearta seo le cur i bhfeidhm? Tá      Níl	Má tá, cur síos gairid
<p>Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an sprioc de 3%</p> <p>Breithniú a dhéanamh ar bhearta cuí dearfacha agus iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloífear leis an sprioc.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>	<p>Déanann CFB suirbhé ar fhostaithe gach bliain, chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na Daoine míchumasacha. Tá polasaí ag an Bhord i dtaca le comhionannas deiseanna de.</p>

# Aguisín 2a

## Rialacha Rochtana CCÉ

Coimisiún Craolacháin na hÉireann, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2

Guthán: (028) 1200, Facs: 016760948, R-phost: [info@bci.ie](mailto:info@bci.ie) Láithreán Gréasáin: [www.bci.ie](http://www.bci.ie)

### Réamhrá

Tá roinnt forálacha san Acht Craolacháin i dtaca le rialacha atá le déanamh ag an Choimisiún chun tuiscint agus sult a chur chun cinn i dtaca le cláir do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil laguithe éisteachta acu agus daoine atá dall nó leathdhall. I measc na bhforálacha cuí tá na nithe seo a leanas.

**Forálann Alt 19 (11)** go: *ndéanfaidh an Coimisiún rialacha a chuirfeas iallach ar gach craoltóir céimeanna sonraithe a ghlacadh chun tuiscint agus sult a chur chun cinn -*

(a) *daoine atá bodhar nó a bhfuil laguithe éisteachta acu, agus*

(b) *daoine atá dall nó leathdhall, de chláir a tharchuirtear ar aon seirbhís chraoltóireachta arna soláthar aige/aici.*

**Forálann Alt 19 (12)** go bhféadfaí rialacháin faoi fho-alt (11), i ndáilil le aon tréimhse sonraithe a thosaíonn ar nó i ndiaidh thús an fho-ailt seo, ceanglas a chur ar chraoltóir chun a chinntiú go n-úsáidfidh céatadán sonraithe clár a tharchuirfear ar sheirbhís chraoltóireachta arna soláthar aige nó aici sa tréimhse sin, go n-úsáidfead modhanna sonraithe trínar féidir tuiscint agus sult na ndaoine dá dtagraítear dóibh i míreanna (a) agus (b) den fho-alt den chéatadán de chláir a d'fhéadfaí a chur chun cinn.

De réir fhorálacha cuí an Achta Craolacháin (2001) leagann Coimisiún Craolacháin na hÉireann amach leis seo na rialacha atá de dhíth faoi Alt 19 (11). Thug an Coimisiún na rialacha atá riachtanach faoi Alt 19 (11). Thug an Coimisiún an teideal Rialacha Rochtana do na rialacha seo.

### Dáta Éifeachtach

Rachaidh na rialacha sin i bhfeidhm ar 1 Márta 2005.

### Mínithe

Úsáidtear roinnt téarmaí ar fud na rialacha. Tá na téarmaí leaghta amach agus sainithe.

### Fotheidealú

Is éard is fotheidealú ann téacs ar an scáileán a thugann le fios cad é atá á rá ar an scáileán. Déantar an téacs a fhoráidíú de réir an scáileáin. Déantar an téacs a fhoráidíú de réir Threoirlínte CCÉ ar *Fhotheidealú* chun cuidiú le tuiscint. Is féidir úsáid a bhaint as fotheidealú chun cuidiú le tuiscint. Is féidir le fotheidealú bheith oscailte nó dúnta. Is éard is fotheidealú oscailte ann fotheidealú a fhanann ar an scáileán an t-am ar fad. Is féidir fotheidealú dúnta a chur leis an phictiúr nó a bhaint de de réir mar is mian leis an lucht féachana, trí úsáid a bhaint as, mar shampla, leathanach 888 ar Teletext.

### Ceannteidealú

Is éard is ceannteidealú ann téacs ar an scáileán a thugann le fios cad é atá á rá ar an scáileán.

### Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann teanga dhúchais an phobail bhodhair in Éirinn. Is teanga amhairc, spásúil í lena comhréir féin agus struchtúr casta gramadaí. Is féidir comharthaíocht a thaispeáint ar an scáileán trí úsáid a bhaint as duine comharthaíochta mar pháirt d'ábhar an chláir, nó trí dhuine comharthaíochta a úsáid (ceachtar duine nó avatar) agus é/í ag feidhmiú mar theangaire i mbosca atá curtha isteach i gcúinne an scáileáin.

## Cur Síos Fuaim

Is éard is cur síos fuaim ann tráchtairacht a thugann cur síos do dhuine a bhfuil lagú radhairc aige/aici, tráchtairacht ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán ag pointe áirithe, chun cuidiú leo an clár a thuiscint agus sult a bhaint

as. Úsáideann an teicníc an dara fuaimrian a thugann cur síos ar an radharc agus an t-aicsean ar an scáileán.

## Dlínse

Baineann na rialacha seo le craoltóirí faoi dhlínse Phoblacht na hÉireann nó iad siúd a bhaineann úsáid as meicníocht nó cumas satailíte nó nasc-suasataí lonnaithe i bPoblacht na hÉireann. Go praiticiúil, baineann na Rialacha Rochtana leis na ceithre sheirbhís dhúchasacha eadhon RTÉ 1, RTÉ2, TG4, agus TV3. Forchoimeádann CCÉ an ceart na rialacha a shíneadh chuig seirbhísí nua arna gceadúnú ag an CCÉ faoin Acht Craolacháin (2001), ó am go ham. Déanfaidh an CCÉ an measúnú seo ar bhonn cáis go cáis.

### 1. Rialacha a Bhaineann le Gach Cineál Soláthair

- 1.1 Baineann na rialacha seo le hábhar na gclár amháin agus déanfar measúnú ar fheidhmíocht bunaithe ar fhad an chláir.
- 1.2 Déanfar monatóireacht agus tomhas ar an fheidhmíocht le linn an teorainn ama do chur i bhfeidhm na rialacha.
- 1.3 Déanfar athbhreithniú ar na rialacha uile laistigh den cháipéis seo i ndiaidh thréimhse trí bliana.

### 2. Rialacha um Fhotheidealú

- 2.1 Sainníodh spriocanna áirithe le haghaidh gach seirbhís chraolacháin.
- 2.2 Tá na spriocanna ar fad bunaithe ar theorainn ama de dheich mbliana.
- 2.3 Agus feidhmíocht a mheas agus a thomhas, ríomhfar spriocanna céatadánacha thar thréimhse chraolacháin 18 uair ó 7 am go dtí 1am.
- 2.4 Tomhasfar spriocanna ar bhonn bliantúil trí mheán seachtainiúil a oibriú amach.
- 2.5 Ríomhfar spriocanna bunaithe ar leibhéal an fhotheidealaithe a sholáthraítear ar gach seirbhís chraolacháin.
- 2.6 I gcás RTÉ 1 agus RTÉ 2, beidh fotheideil ar chláir do pháistí mar pháirt shuntasach den mhéadú bliantúil i dtéarmaí soláthar fotheidealaithe de.
- 2.7 Ag an pointe seo, ní dhéanann na rialacha tosaíocht de chláir ar bith genres/cineálacha nó blocanna ama laistigh den tréimhse 18 uair. Mar sin féin, rachaidh craoltóirí i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar bhonn bliantúil ar a laghad le grúpaí úsáideoirí, maidir leis na cláir is fearr leo.
- 2.8 Tá cead ag craoltóirí roinnt ceanteidealaithe a chur isteach chun na spriocanna fotheidealaithe a bhaint amach sna chéad trí bliana lena mbaineann na rialacha leo. Mar sin féin, tá sé mar aidhm ag an Choimisiún go bhfeidhmeoidh na chéad trí bliana

den teorainn ama deich mbliana mar thréimhse aistriúcháin chun athrú a éascú ó úsáid na gceanteideal go dtí úsáid na bhfotheideal.

**2.9** Cloífidh Craoltóirí leis na caighdeáin agus leis na treoirlínte de réir mar atá siad leagtha amach in Treoirlínte um Fhotheidealú, foilseachán de chuid an CCÉ.

### 2.10 Spriocanna

Beidh na spriocanna agus na teorainneacha ama seo a leanas i bhfeidhm Beidh na spriocanna agus na teorainneacha ama seo a leanas i bhfeidhm:

RTÉ 1				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5
55%	55%	75%	85%	93%
Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10
95%	97%	98%	99%	100%

RTÉ 2				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5
24%	33%	42%	51%	60%
Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10
67%	73%	80%	85%	90%

TG4				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5
24%	30%	36%	42%	50%
Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10
56%	62%	58%	74%	80%

TV3				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5
12%	19%	26%	33%	40%
Bliain 6	Bliain 7	Bliain 8	Bliain 9	Bliain 10
44%	48%	52%	56%	60%

## 3. Rialacha i dtaca le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

**3.1** Tá sprioc tosaigh de 1% de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de dhíth do RTÉ1 agus do RTÉ2. Tá an sprioc sin bunaithe ar theorainn ama trí bliana. Níl aon riachtanais ann i dtaca le TG4 agus TV3 sna chéad trí bliana de chur i bhfeidhm na rialacha sin.

**3.2** Agus feidhmíocht RTÉ 1 agus RTÉ 2 a mheas agus a thomhas ríomhfar céatadán de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann thar thréimhse craolacháin 24 uair, ag cur san áireamh an céatadán trasna an dá sheirbhís. Déanfar é a thomhas ar bhonn bliantúil.

**3.3** Agus feidhmíocht a mheas agus a thomhas, tagróidh céatadán de Thanga Chomharthaíochta na hÉireann don Teanga a sholáthraítear ar scáileán trí úsáid a bhaint as duine comharthaíochta mar pháirt den chlár nó trí úsáid a bhaint as duine comharthaíochta (ceachtar duine nó avatar) agus é nó í ag feidhmiú mar theangaire i mbosca i gcúinne an scáileáin.

**3.4** Maidir leis an mhéadú i dTeanga Chomharthaíochta a sholáthraítear ar bhonn bliantúil, cuirfear cuid réasúnta de chláir do pháistí san áireamh.

**3.5** Cloífidh craoltóirí leis na treoirlínte cuí i dtaca le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus caighdeáin a sholáthraíonn an CCÉ.

#### **4. Rialacha a bhaineann le Cur Síos Fuaimne**

**4.1** Tá sprioc tosaigh de 1% de chur síos fuaimne de dhíth do RTÉ1 agus RTÉ2. Tá an sprioc sin bunaithe ar theorainn ama trí bliana. Níl aon riachtanais i ndáil le TG4 agus TV3 sna chéad trí bliana de chur i bhfeidhm na rialacha seo.

**4.2** Agus feidhmíocht RTÉ1 agus RTÉ2 a mheas agus a thomhas, ríomhfar céatadán thar thréimhse craolacháin 24 uair, ag cur céatadán carnach san áireamh trasna RTÉ1 agus RTÉ2. Tomhasfar é trí úsáid a bhaint as meáin sheachtainiúla ar bhonn bliantúil.

**4.3** Beidh cláir dhúchasacha mar chuid réasúnach den mhéadú iomlán i soláthar cur síos fuaimne ar bhonn bliantúil. Beidh cláir dhúchasacha mar chuid réasúnach den mhéadú iomlán i soláthar cur síos fuaimne ar bhonn bliantúil.

**4.4** Cloífidh craoltóirí leis na treoirlínte agus na caighdeáin i dtaca le Cur Síos Fuaimne arna gcur ar fáil ag an CCÉ.

#### **5. Seirbhísí Rochtana a chur chun cinn**

Tá ceanglas ar chraoltóirí a thabhairt le fios trí shiombail chaighdeánach a úsáid sna cláir sin ina bhfuil soláthar rochtana (fotheidealú, teanga chomharthaíochta nó cur síos fuaimne) ar fáil iontu. Chuige sin, ba chóir do chraoltóirí a chinntiú a oiread agus is féidir go dtugann aon eolas faoi chláir le fios na cláir sin a bhfuil soláthar rochtana ar fáil dóibh. Cuirfidh craoltóirí foirmeacha soláthar rochtana chun cinn go rialta agus úsáid na bhfoirmeacha soláthar rochtana atá ar fáil ar a gcuid seirbhísí.

#### **6. Athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana**

Déanfar athbhreithniú ar na Rialacha seo i ndiaidh Bhliain a trí agus Bhliain a cúig de chur i bhfeidhm.

# Aguisín 2b

## Ráiteas Torthaí CCÉ Rialacha Rochtana

### 1. Réamhrá

Tá roinnt forálacha san Acht Craolacháin (2001) i dtaca leis na rialacha atá le déanamh ag an Choimisiún ionas go mbeidh daoine bodhra nó daoine a bhfuil laguithe éisteachta acu agus daoine dalla nó daoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu, ionas go mbeidh na daoine sin in ann cláir a thuiscint níos fearr agus níos mó suilt a bhaint astu. Is iad **Alt 19 (11)** agus **Alt 19 (12)** na forálacha cuí (leasaithe ag **Alt 53** den Acht um Míchumas, 2005).

De réir na bhforálacha seo, d'fhorbair **Coimisiún Craolacháin na hÉireann** na Rialacha Rochtana i ndiaidh próiseas cumasitheach comhairliúcháin le craoltóirí agus ionadaithe ó dhaoine bodhra, ó dhaoine a bhfuil laguithe éisteachta acu, agus ó dhaoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu. Tá na Rialacha Rochtana i bhfeidhm ó **1 Márta 2005** agus sonraíonn siad spriocanna céatadánacha agus teorainneacha ama i ndáil le leibhéal na fotheidealaithe, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime atá le soláthar ag craoltóirí. Baineann na rialacha sin le craoltóirí faoi dhlínse Phoblacht na hÉireann nó iad siúd a bhaineann úsáid as meicníocht nó cumas satailíte nó nasc suas atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann. Go praiticiúil, caithfear na Rialacha Rochtana a chur i bhfeidhm do na ceithre sheirbhís dhúchasacha eadhon RTÉ 1, RTÉ2, TG4 agus TV3.

Mar sin féin, d'fhorchoimeád an Coimisiún an ceart spriocanna agus teorainneacha ama a shocrú le haghaidh rochtain a sholáthar ar sheirbhísí arna gceadúnú faoin Acht Craolacháin, 2001. Sa chomhthéacs sin, ag an chruinniú a bhí aige i mí an Mhárta na bliana seo, rinne Bord an Choimisiúin breithniú ar na hoibleagadaí, más ann dóibh, a ba chóir a chur ar shé sheirbhís atá ceadaithe faoin Acht Craolacháin 2001.

Seo a leanas na sé sheirbhís:

- 1) Setanta Sports Channel Éire
- 2) Setanta Sports Channel Meiriceá Thuaidh
- 3) Setanta PPV (Íoc de réir mar a amharcann tú)
- 4) NASN (Éire & RA).
- 5) NASN (Eoraip)
- 6) City Channel

Tugann an doiciméad seo breac-chuntas ar na socruithe a rinne Coimisiún Craolacháin na hÉireann.

### 2 Próiseas Déanta Cinntí

Chuir an Coimisiún na nithe seo a leanas san áireamh agus é ag déanamh na gcinntí.

- **Na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair.**

D'úsáid an Coimisiún Ceithre Phrionsabal Rochtana agus roinnt Tosca Tionchair i ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin. Is iad sin na critéir a úsáideann an Coimisiún le socruithe a dhéanamh chun na hoibleagáidí a shainiú atá le cur ar na sé sheirbhís. Déantar breac-chuntas ar na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair in **Aguisín 1**.

- **Rinneadh breithniú ar na haighneachtaí scríofa a chuir na sé sholáthraí seirbhísí ar fáil.**

Tugadh cuireadh do na sé sheirbhís ar fad a ndearna an Coimisiún breithniú orthu, aighneacht scríofa a chur ar fáil ag tabhairt le fios na tiomantais, más ann dóibh, ba chóir a chur ar sheirbhísí s'acusan faoi na Rialacha Rochtana. Iarradh ar na freagraithe a gcuid argointí a chur in iúl agus tagairt a dhéanamh do na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair.



- Na spriocanna agus na teorainneacha ama atá ann cheana do sheirbhísí eile. Bhí tionchar ag an dóigh a gcuireann an Coimisiún na Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair i bhfeidhm ar shocruithe an Choimisiúin i dtaca le spriocanna agus teorainneacha ama a leagadh síos do na ceithre sheirbhís saor-go-aer.

### 3. Saincheisteanna a bhaineann le Rochtain a Sholáthar

Rinne Bord an Choimisiúin breithniú ar dhá shaincheist a bhaineann le seirbhísí rochtana a sholáthar. Seo iad na saincheisteanna sin:

#### 3.1 An Cineál Rochtana a Sholáthraítear (fotheidealú, teanga chomharthaíochta, cur síos fuaime)

Mar pháirt de na Rialacha Rochtana, tá tiomantais i dtéarmaí trí chineál rochtana a sholáthar eadhon, fotheidealú, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime. Mar sin féin, fad is go bhfuil ceanglas ar na ceithre sheirbhís teilifíse saor-go-aer fotheidealú a sholáthar; ní chaithfidh ach RTÉ1 agus RTÉ2 teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime a chur ar fáil. Socraíodh an sprioc do RTÉ1 agus RTÉ2 agus aitheantas á thabhairt do shainchúram seirbhíse poiblí agus maoiniú na stasiún sin. Socraíodh nár chóir ceanglas a chur ar TG4 ná ar TV3 cur síos fuaime a fhorbairt agus teanga chomharthaíochta a sholáthar ag an pointe seo ar an ábhar gur tuigeadh na deacrachtaí teicniúla a bhaineann le comharthaíocht 'dhúnta' agus cur síos fuaime 'dúnta' a sholáthar, mar aon le smaointe i ndáil le hacmhainní airgeadais agus pearsanra, taithí agus saineolas a bhí ar fáil cheana.

Sa chomhthéacs sin, bhreithnigh an Coimisiún cé acu ba chóir do na sé sheirbhísí fotheidealú amháin a sholáthar mar sheirbhís rochtana, mar atá leagtha síos do TG4 agus TV3.

#### Toradh

D'aontaigh an Coimisiún go dtagann na hargóintí céanna chun cinn nuair a scrúdaítear cé acu ba chóir do na sé sheirbhísí atá á mbreithniú faoin Acht 2001 teanga chomharthaíochta agus/ nó cur síos fuaime a sholáthar mar gheall ar na Rialacha Rochtana.

Fanfaidh na deacrachtaí teicniúla i ndáil le teanga chomharthaíochta 'dhúnta' agus cur síos fuaime 'dúnta'. Tá tábhacht ag baint le cúrsaí a bhaineann leis an dóigh a bhfuil na sé sheirbhísí sin ag tosú i ndáil le teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime a sholáthar ar an ábhar nár sholáthair na seirbhísí na seirbhísí sin. Lena chois sin, tá na sé sheirbhísí uile atá á mbreithniú measartha óg i dtéarmaí forbartha de.

Mar gheall ar na fáthanna sin, socraíodh nach leagfaí síos spriocanna ar bith i dtaca le cur síos fuaime ná teanga chomharthaíochta do na sé sheirbhísí sin. Déanfar athbhreithniú ar an cheist seo mar pháirt den athbhreithniú ginearálta ar na Rialacha Rochtana sa bhliain 2008. Ligfidh an t-athbhreithniú don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar athruithe ar bith sa timpeallacht chraolacháin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar sholáthar na trí sheirbhís rochtana agus cé acu tá gá le tuilleadh seirbhísí chun na trí sheirbhís rochtana uile a iompar nó nach bhfuil.

### 3.2 Leibhéal Rochtana a Sholáthraítear

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaca le spriocanna agus teorainneacha ama, más ann dóibh, atá le bunú do na sé sheirbhís atá a mbreithniú, d'úsáid an Coimisiún an próiseas déanta cinntí atá leagtha amach thuas. Cuid lárnach den phróiseas seo ná na Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair a chur i bhfeidhm. Ar an bhonn sin, shocraigh an Coimisiún gur chóir go mbeadh iallach ar thrí cinn de na sé sheirbhís fotheidealú a sholáthar.

Tá cinneadh an Choimisiúin bunaithe ar roinnt breithnithe atá bunaithe ar na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair.

- Cur i bhfeidhm phrionsabal na hInrochtaineachta.
- Cur i bhfeidhm phrionsabal an Dul Chun Cinn Incriminteach.
- Craoltóirí príobháideacha is ea na sé sheirbhís agus ní fhaigheann siad maoiniú poiblí ar bith.
- Tá na sé sheirbhís uile measartha óg i dtéarmaí forbartha de. Mar gheall air sin, níl aon taithí acu ná cumas reatha chun seirbhísí rochtana a chur ar fáil.
- Níl na seirbhísí ag soláthar seirbhísí rochtana ag an phointe seo.
- Ós rud é go mbreathnaítear ar fhormhór na gclár ar na seirbhísí seo mar chláir bheo, tráchtairacht bheo nó mhoillithe ar imeachtaí spóirt, tá costas an fhotheidealaithe ard.

- Níl aon chumas teicniúil ag na seirbhísí fotheidealú a sholáthar agus caithfear an cumas sin a fhorbairt.
- Ós rud é nach bhfuil na seirbhísí chomh forbartha sin agus mar gheall ar an easpa taithí in-tí sna seirbhísí ar fad, agus mar gheall ar na cineálacha clár a chraoltar ar na seirbhísí; ciallaíonn sé go bhfuil forbairt na seirbhísí fotheidealaithe ag tosú amach ag leibhéal an-íseal.
- I gcás na seirbhísí a chuireann Setanta agus NASN ar fáil, shíl an Coimisiún gur chóir acmhainní na gcuideachtaí sin a dhíriú ar rochtain a sholáthar do sheirbhísí atá níos ábhartha do lucht féachana Éireannach.
- I gcás City Channel, ár an abhar nach bhfuil sí chomh forbartha sin mar sheirbhís, ní thiocfaidh spriocanna do rochtain a sholáthar i bhfeidhm go dtí 2007.

#### Torthaí

Leag an Coimisiún amach na spriocanna agus na teorainneacha ama do na sé sheirbhís atáthar a bhreithniú.

### 3.2.1 Spriocanna agus Teorainn Ama do Setanta Sports Channel Éire

2006	2007	2008	2009	2010
2%	4%	6%	8%	10%
2011	2012	2013	2014	2015
12%	14%	16%	18%	20%

Cuireadh na factóirí seo a leanas san áireamh agus na spriocanna agus na teorainneacha ama á dhéanamh amach.

#### Cúlra an chraoltóra

Maoinítear Setanta Sports Channel Éire trí airgead tráchtála.

#### Céim forbartha an chraoltóra

Craoltóir óg is ea Setanta Sports Channel Éire agus níl aon taithí aige i dtaca le rochtain a sholáthar.

#### An méid a sholáthraítear i láthair na huaire

Ní sholáthraíonn an tseirbhís sin aon fhotheidealú faoi láthair.

#### An cineál sceideal clár

Den chuid is mó, cláir bheo agus athchraolta d'imeachtaí spóirt atá i gceist agus bíonn corr clár in-tí ann. Athchraoltar tuairim is 50% de chlár agus ba chóir go gcuideodh sé sin leis na spriocanna a bhaint amach, ar a laghad sna blianta tosaigh.

#### Cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla agus daonna.

Níl aon chumas teicniúil in-tí ag an tseirbhís chun fhotheidealú a sholáthar. Bhí saincheisteanna ginearálta a bhaineann le hardchostas na gclár beo le cur san áireamh. Creideann an tseirbhís go meadóidh na cláir bheo de réir a chéile de réir mar a fhorbróidh

an staisiún agus beidh breis costas uirthi dá bharr. Mar gheall air sin, fad is go n-éascóidh leibhéal na n-athchraolta na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach sna blianta tosaigh, is dócha go meadóidh an costas de réir mar a mhéadóidh leibhéal na gclár beo agus de réir mar a laghdóidh líon na gclár a athchraoltar.

### 3.2.2 Spriocanna agus Teorainneacha Ama do Setanta Sports Channel Meiriceá Thuaidh

Tá socraithe ag an Choimisiún nár chóir go mbeadh aon cheanglas ar Setanta Sports Channel Meiriceá Thuaidh i dtaca le fothidealú a sholáthar. Iarrfar an tseirbhís scrúdú a dhéanamh ar shineirgíochtaí a d'fhéadfadh bheith ann idir na seirbhísí a sholáthraíonn cláir don bhealach seo. Déanfar athbhreithniú ar an cheist seo sa bhliain 2008 mar pháirt den athbhreithniú ginearálta ar na Rialacha Rochtana.

Cuireadh na factóirí seo a leanas san áireamh agus an cinneadh seo á dhéanamh:

#### An cineál craoltóra

Tá Setanta Sports Channel Meiriceá Thuaidh ar fáil ar theilifís dhigiteach amháin agus maoinítear é trí airgead tráchtála amháin. Níl an tseirbhís ar fáil i bPoblacht na hÉireann.

#### Cé chomh forbartha agus atá an craoltóir?

Níl an tseirbhís chomh forbartha sin agus i láthair na huaire níl aon taithí aici i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar.

#### An méid a sholáthraítear faoi láthair

I láthair na huaire, ní sholáthraíonn an tseirbhís aon fhotheidealú.

### **An cineál sceideal clár**

Den chuid is mó, cláir bheo agus athchraolta de chláir bheo atá i gceist. Athchraoltar tuairmim is 50% de chláir go garbh.

### **An cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla agus daonna.**

Níl aon chumas teicniúil i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Déantar breac-chuntas thuas ar shaincheseanna a bhaineann leis na costais agus an cumas a bhaineann le cláir bheo a fhotheidealú i dtaca le Setanta Sports Channel Éire agus baineann siad leis an tseirbhís seo fosta. Lena chois sin, tá difríochtaí teicniúla ann i ndáil le fotheidealú/ceannteidealú do na margaidh san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh agus beidh gá le tuilleadh staidéar air sin.

### **3.2.3 Spriocanna agus Teorainn Ama do Setanta PPV**

Tá socraithe ag an Choimisiún nár chóir go mbeadh aon cheanglas ar Setanta PPV ag an phointe seo i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Déanfar athbhreithniú ar an cheist seo sa bhliain 2008 mar pháirt den athbhreithniú ginearálta ar na Rialacha Rochtana.

Cuireadh na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus an cinneadh seo á dhéanamh:

#### **An cineál craoltóra**

Is éard is Setanta PPV ann seirbhís 'foc de réir mar a amharcann tú' agus maoinítear é go huile is go hiomlán trí airgead tráchtála.

#### **Cé chomh forbartha agus atá an craoltóir?**

Níl an tseirbhís seo chomh forbartha sin agus níl aon taithí aici i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar.

### **An méid a sholáthraítear faoi láthair**

I láthair na huaire ní sholáthraíonn an tseirbhís seo aon fhotheidealú.

### **An cineál sceideal clár**

Craolacháin bheo d'imeachtaí spóirt a bhíonn i gceist sa sceideal. Tá na cláir ag brath ar cé acu faigheann an tseirbhís cearta craolacháin nó nach bhfaigheann.

### **An cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla daonna.**

Níl aon chumas teicniúil ag an tseirbhís ag an phointe seo i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Na saincheseanna a bhaineann le costais agus cumas chun fotheidealú; baineann siad leis an cheist seo fosta.

### **3.2.4 Spriocanna agus Teorainn Ama do NASN (Éire&RA)**

<b>2006</b>	<b>2007</b>	<b>2008</b>	<b>2009</b>	<b>2010</b>
2%	4%	6%	8%	10%
<b>2011</b>	<b>2012</b>	<b>2013</b>	<b>2014</b>	<b>2015</b>
12%	14%	16%	18%	20%

Cuireadh na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus na spriocanna agus an teorainn ama a dhéanamh amach.

#### **An cineál craoltóra**

Seirbhís bunaithe ar aighneachtaí is ea NASN agus tá sé ar fáil ar theilifís dhigiteach amháin agus maoinítear go hiomlán í ó airgead tráchtála.

#### **Cé chomh forbartha agus atá an craoltóir?**

Níl an tseirbhís chomh forbartha sin agus níl aon taithí aici i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar.

**An méid a sholáthraítear faoi láthair**

I láthair na huaire, ní sholáthraíonn an tseirbhís aon fhotheidealú. Tá ceannteidealú ar fáil mar pháirt de na cláir a bhfuil seirbhísí faighte acu.

**An cineál sceideal clár**

Meascan de chláir bheo agus réamhchláir atá sa sceideal. Faightear na cláir ar fad ó fhoinsí eile agus ní dhéanann an tseirbhís aon chlár dá cuid féin. Athchraoltar tuairmim is 20% de na chláir.

**An cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla agus daonna.**

Níl aon chumas teicniúil i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Baineann na saincheisteanna ginearálta i dtaca le costais agus cumas chun fotheidealú beo a sholáthar; baineann siad leis an tseirbhís seo fosta. Mar sin féin, ós rud é go bhfaigheann an tseirbhís na cláir ar fad ó fhoinsí eile, níl aon fáil ag an tseirbhís ar roinnt ceannteidealaithe ó chraoltóirí i Meiriceá Thuaidh. Fad is go soláthraíonn ceannteidealú níos lú eolais don lucht féachana i gcomparáid le fotheidealú, ceadaíonn an Coimisiún úsáid an ceannteidealaithe atá ar fáil ag seirbhísí chun na spriocanna atá leagtha síos d'fhotheidealú a bhaint amach.

**3.2.5 Spriocanna agus Teorainn Ama do NASN (Eoraip)**

Tá socraithe ag an Choimisiún nár chóir go mbeadh aon cheanglas ar NASN (Eoraip) ag an pointe seo i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Iarrfar ar an tseirbhís scrúdú a dhéanamh ar shineirgíochtaí a d'fhéadfadh bheith ann idir na seirbhísí NASN. Déanfar athbhreithniú ar an cheist seo sa bhliain 2008 mar pháirt den athbhreithniú ginearálta ar na Rialacha Rochtana.

Cuireadh na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus an cinneadh seo á dhéanamh:

**An cineál craoltóra**

Seirbhís bunaithe ar aighneachtaí is ea NASN (Eoraip) agus tá sé ar fáil ar theilifís dhigiteach i Mór-roinn na hEorpa amháin agus maoinítear go hiomlán í ó airgead tráchtála.

**Cé chomh forbartha agus atá an craoltóir?**

Craoltóir óg atá ann agus níl aon taithí aige i dtaca le Seirbhísí rochtana a sholáthar.

**An méid a sholáthraítear faoi láthair**

I láthair na huaire, ní sholáthraíonn an tseirbhís aon fhotheidealú.

**An cineál sceideal clár**

Meascan de chláir bheo agus réamhchláir atá sa sceideal. Faightear na cláir ar fad ó fhoinsí eile agus ní dhéanann an tseirbhís aon chlár dá cuid féin. Athchraoltar tuairmim is 20% de na chláir.

**An cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla daonna.**

Níl aon chumas teicniúil i dtaca le fotheidealú a sholáthar. Baineann na saincheisteanna ginearálta i dtaca le costais agus cumas chun fotheidealú beo a sholáthar, baineann siad leis an tseirbhís seo fosta.

### 3.2.6 Spriocanna agus Teorainneacha Ama do City Channel

2006	2007	2008	2009	2010
0%	1%	2%	3%	4%
2011	2012	2013	2014	2015
5%	6%	7%	8%	9%

Cuireadh na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus na moltaí do City Channel á ndéanamh.

#### **An cineál craoltóra**

Seirbhís bunaithe ar aighneachtaí is ea City Channel agus maoinítear go huile is go hiomlán é ó airgead tráchtála.

#### **Cé chomh forbartha agus atá an craoltóir?**

Níl an tseirbhís seo chomh forbartha sin agus níl aon taithí aici i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar.

#### **An méid a sholáthraítear faoi láthair**

I láthair na huaire ní sholáthraíonn an tseirbhís aon fhotheidealú.

#### **An cineál sceideal clár**

Den chuid is mó, cláir a fhaightear (roimh ré) a bhíonn ar an sceideal. Bíonn clár beo amháin in aghaidh an lae mar pháirt den sceideal. Athchraolann an tseirbhís roinnt mhaith clár, tuairim is 60% agus ba chóir go gcuideodh sé sin leis na spriocanna a bhaint amach.

#### **An cumas teicniúil agus costas na n-acmhainní teicniúla agus daonna**

Níl aon chumas teicniúil i dtaca le fotheidealú a sholáthar.

## Aguisín 1

Seo a leanas na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair:

### Prionsabail Rochtana

#### (i) Rochtain

Tá sé mar phrionsabal treoraithe ag an CCÉ gur chóir go mbeadh na saoránaigh sin a bhfuil na Rialacha Rochtana deartha ina léith, gur chóir go mbeadh an rochtain is iomláine agus is féidir ar na meáin chraolta agus ar a gcumas chun daoine a oiliúint, eolas a thabhairt agus siamsaíocht a sholáthar. Tá an prionsabal sin soiléir sna Rialacha Rochtana sa mhéid is go bhfuil na craoltóirí dúchasacha ar fad faoi dhlínse na rialacha.

#### (ii) Sárchleachtas

Aithníonn an prionsabal nach mbaineann na Rialacha Rochtana le fotheidealú, cur síos fuaime agus teanga chomharthaíochta amháin ach leis na caighdeáin agus comhsheasmhacht a chaithfear a úsáid agus a bhaint amach agus iad á soláthar, lena n-áirítear treoirlínte um an cleachtas is fearr i gcur i láthair fuaime agus amhairc araon. Chuige sin, tá tachtar caighdeán agus treoirlínte forbartha ag an Choimisiún a chaithfidh craoltóirí a bhaint amach chun seirbhís ar ardchaighdeán a chinntiú.

#### (iii) Dul chun cinn incriminteach

Aithníonn an prionsabal go bhforbróidh leibheal an fhotheidealaithe, cur síos fuaime agus teanga chomharthaíochta ar bhealach incriminteach thar tréimhse ama. Ligfidh sé sin do chraoltóirí a gcumas agus a saineolas a fhorbairt níos mó chun an tseirbhís sin a sholáthar.

Tá úsáid teorainn ama de dheich mbliana sna Rialacha Rochtana bunaithe ar an phrionsabal soláthar rochtana a mhéadú i gcéimeanna incriminteacha, rud a ligeann don chraoltóir pleanáil d'fhorbairt agus soláthar rochtana ar ardchaighdeán. Aithníonn sé go bhfuil roinnt saincheisteanna ann seachas maoiniú a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun soláthar rochtana a mhéadú.

#### (iv) Freagrúlacht

Tá sé mar aidhm ag an phrionsabal a chinntiú gur chóir go bhforbrófaí soláthar rochtana (fotheidealú, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime) mar fhreagra ar na riachtanais agus na tosaíochtaí de réir mar atá sainithe ag na grúpaí úsáideoirí mar aon le caighdeáin atá leagtha síos ag an CCÉ, i gcomhairle leis an chraoltóir.

Tá na ceisteanna sin ábhartha, mar go mbíonn tionchar ag na cinéalacha clár sa sceideal ar an chostas, ar áiseanna teicniúla, ar phearsanra agus ar chumas an chraoltóra seirbhísí rochtana a sholáthar. I bhformhór na cásanna, ceannaítear fotheidealaithe ar leithligh ó chlár agus ní cheannaítear iad mar pháirt de na clár a fhaightear.

## Tosca Tionchair

Agus na Rialacha Rochtana á ndéanamh amach, chuir an CCÉ na fachtóirí seo a leanas san áireamh.

### a. Éagsúlacht idir na Seirbhísí craolacháin.

Déanann na Rialacha Rochtana idirdhealú idir craoltóirí bunaithe ar roinnt fachtóirí. Tugtar éifeacht phraiticiúil don éagsúlacht sin trí spriocanna éagsúla a leagadh síos do gach seirbhís. Seo a leanas na fachtóirí:

#### (i) *Cúlra an chraoltóra.*

An seirbhís phoiblí nó príobhaideach í an craoltóir? An bhfaigheann an craoltóir airgead poiblí agus an bhfuil níos mó cúraimí poiblí air dá bharr? An bhfuil aidhmeanna ar leith ag an chraoltóir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chumas s'aige seirbhísí rochtana a sholáthar?

#### (ii) *Céim forbartha an chraoltóra.*

Cá fhad atá an craoltóir ag feidhmiú? Cá mhead taithí atá ag an chraoltóir i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar? An bhfuil leibhéal saineolais ann cheana laistigh den tseirbhís chraolacháin i dtaca le seirbhísí rochtana a sholáthar?

#### (iii) *An méid a sholáthraítear i láthair na huaire.*

Cé na leibhéil d'fhotheidealú, de theanga chomharthaíochta agus de chur síos fuaime atá an craoltóir ag soláthar i láthair na huaire? Cad é an pointe tosaigh atá acu?

#### (iii) *An cineál sceideal clár.*

Anndéanannantseirbhíschraolacháin cláir bheo? An bhfaigheann sí roinnt mhaith clár ó chraoltóirí eile? Cá mhéad clár atá déanta in Éirinn a sholáthraíonn an craoltóir?

#### (iv) *An costas teicniúil agus costas na n-acmhainní daonna:*

Cé na háiseanna agus an saineolas atá ann cheana laistigh den tseirbhís chraolachain chun seirbhísí rochtana a sholáthar?

#### (v) *Cumas teicniúil*

An bhfuil an cumas teicniúil ag an chraoltóir chun seirbhísí rochtana a sholáthar? Cén leibhéal agus cén cineál áiseanna teicniúla agus saineolais a bheadh de dhíth?

### b. Maoiniú

Bhreithnigh an Coimisiún an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le haon cheanglas cloí leis na spriocanna agus na teorainneacha ama atá leagtha amach do sholáthar na seirbhísí rochtana. Go háirithe, scrúdaigh an Coimisiún an cineál clár trasna sceidél éagsúla, lena n-áirítear líon na gclár a athchraoltar agus tá tionchar aige sin ar na costais. Lena chois sin, bhreithnigh an Coimisiún cúlra an chraoltóra, cé acu tá sé príobhaideach, tráchtála nó nach bhfuil agus cé acu faigheann sé a chuid airgid ó fhoinsí poiblí nó nach bhfaigheann. Mar sin féin, ba chóir cuimhneamh go bhfuil sé deacair costais iomlána a oibriú amach, mar go mion minic, beidh na costais ag brath ar na socruithe sceidealaithe a dhéanann na craoltóirí, an cineál clár agus na socruithe a dhéantar i dtaca le cé na cláir a bhfuil siad ag dul tosaíocht a dhéanamh dóibh i gcomhair fotheidealaithe.



## Aguisín 2

### Fotheidealú/Ceannteidealú

Seo téacs a bhíonn le feiceáil ar an scáileán agus léiríonn sé cad é atá á rá ar an scáileán. Is féidir leis bheith oscailte nó dúnta. Is éard atá i gceist le fotheidealú ‘oscailte’ fotheidealú a fhanann ar an scáileán an t-am ar fad, is féidir fotheidealú ‘dúnta’ a chur leis an phictiúr nó a bhaint de de réir mar is mian leis an lucht féachana, trí úsáid a bhaint as leathanach 888 ar teletext mar shampla.

In amanna baintear úsáid an dá théarma ‘ceannteidealú’ agus ‘fotheidealú’ amháil is dá mba an rud céanna iad, ach tá difear idir na téarmaí sin, áfach. Tagraíonn ‘ceannteidealú’ don téacs ar an scáileán a sheasann don mhéid atá á rá ar an scáileán. Mar sin féin, i dtaca le fotheidealú de, tá difear i bhformaidiú atá deartha chun cuidiú le tuiscint agus tuigbheáil an téacs agus chun é a cheangal ar bhealach níos beaichte leis an aicsean ar an scáileán. Mar shampla, i bhfotheidealú, athraíonn dath an téacs chun a thabhairt le fios don bhreathnóir go bhfuil duine difriúil ag caint ar an scáileán. Lena chois sin, tá caighdeán ann i dtaca le méid an chlófhoirne, líon na línte téacs a thaispeántar ar an scáileán ag an aon am amháin. Ar an lámh eile, ní áiríonn ceannteidealú an formaidiú seo agus seasann sé ar bhealach níos bunúsaí dá bhfuil a rá ar an scáileán.

### Teanga Chomharthaíochta

Teanga dhúchais an phobail bhodair in Éirinn is ea Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Teanga amhairc, spásúil lena comhréir féin agus struchtúr casta gramadaí. Is féidir comharthaíocht a léiriú ar an scáileán trí úsáid a bhaint as duine comharthaíochta mar pháirt d’ábhar an chláir, nó trí úsáid a bhaint as duine comharthaíochta (ceachtar duine nó avatar) i mbosca atá curtha isteach i gcúinne an scáileáin.

### Cur Síos Fuaime

Táthar ag forbairt Cur Síos Fuaime agus baintear úsáid teoranta as i Meiriceá Thuaidh agus sa RA. Is éard is cur síos fuaime ann go bunúsach ná tráchtairacht a thugann le fios do dhuine a bhfuil fadhbanna radhairc acu, cad é atá ag tarlú ar an scaileán ag am ar leith, chun cuidiú leo an clár a thuiscint agus sult a bhaint as. Úsáideann an teicníc seo fuaimrian eile a thugann cur síos ar an radharc agus an t-aicsean ar an scáileán.

## Aguisín 3

### Comhlachtaí agus Eagraíochtaí Faoi Choimirce na Roinne

CUMARSÁID	
Comhlacht	Príomhfhreagrachtaí
An Post;	Soláthraí seirbhíse poist náisiúnta na hÉireann.
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	Cuideachta reachtúil atá freagrach as margadh na cumarsáide a rialáil in Éirinn. Clúdaíonn a shainchúram gach cineál gréasán tarchuir ón tseirbhís thráidisiúnta sreanga teileafóin tríd chuig oibritheoirí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus ó ghréasáin fóin phóca go dtí an tseirbhís poist.
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	Bunaíodh an comhlacht seo faoin Acht um Fhorbairt an Mhoil Dhigitigh (2003) chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Mhoil Dhigitigh, príomheagraíocht na hÉireann i dtaca leis na meáin dhigiteacha de.
CRAOLTÓIREACHT	
Comhlacht	Príomhfhreagrachtaí
Radio Telefís Éireann	An craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí agus comhlacht reachtúil neamhspleách. Feidhmíonn RTÉ trí sheirbhís teilifíse náisiúnta (RTÉ1, RTÉ2 agus TG4 agus ceithre sheirbhís náisiúnta raidió RTÉ 1, 2FM, Radio na Gaeltachta agus Lyric FM).
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	Freagrach as an earnáil neamhspleách teilifíse agus raidió a cheadúnú agus a rialáil. Lena chois sin, tá an Coimisiún freagrach as seirbhísí áirithe nua digiteacha teilifíse a cheadúnú agus as forbairt a dhéanamh ar chóid clár agus caighdeáin na fógraíochta ar an teilifís agus ar an raidió.
An Coimisiúin um Ghearáin Chraolacháin	Déileálann sé le gearáin a dhéantar i ndáil le hábhar clár agus le fógraíocht ar RTÉ agus seirbhísí neamhspleácha teilifíse agus raidió.

FUINNEAMH	
Comhlacht	Príomhfhreagrachtaí
Bord Soláthar Leictreachais	Tá sócmhainní ginniúna, tarchuir agus dáilte ag BSL agus soláthraíonn sé seirbhísí leictreachais do 1.6 milliún custaiméir ar fud na tíre.
EirGrid plc	Arna cheadúnú ag an CRF (An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh) mar an t-oibritheoir neamhspleách um tharchur leictreachais córas.
Bord Gáis Éireann	D'fhás an comhlacht seo ó ghnó píblíne isteach go soláthraí mór breosla do 400,000 custaiméir ar bhealach éifeachtach geilleagrach agus ar bhealach nach ndéanann dochar don timpeallacht.
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	Bunaíodh an comhlacht seo ar 14 Iúil 1999 mar an Coimisiún um Rialáil Leictreachais faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999 chun buntacú le próiseas rialacháin oscailte, trédhearcach agus freagrach don tionscal leictreachais in Éirinn. Síneadh dlínse an Choimisiúin faoin Acht Gáis (Eatramhach) (Rialachán) 2002 chuig rialtóir fuinnimh, gás agus leictreachas á gcur san áireamh. Athainmíodh an Coimisiún mar an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh chun aitheantas a thabhairt do na freagrachtaí nua atá aige.
Bord na Móna plc	Soláthraí tairgí agus seirbhísí atá bunaithe ar mhóin go mór mór.
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	Ar 16 Iúil 2001, díoladh sócmhainní agus gnónna INPC (an dá fhochuideachta atá ag an Chuideachta - Cuideachta Scagtha Na hÉireann agus Bantry Terminals Teo) do Tosco Corporation, ollscagóir agus díoltóir Meiriceánach ola. Tá an fochuideachta neamhthráchtála atá fágtha ag INPC – an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) freagrach as culchistí straitéiseacha ola na hÉireann a chaomhnú.
Fuinneamh Inmharthana Éireann	Tá an cuideachta reachtúil seo freagrach as polasaí an rialtais a chur i bhfeidhm i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite.

ACMHAINNÍ MARA AGUS NÁDÚRTHA	
Comhlacht	Príomhfhreagrachtaí
Bord lascaigh Mhara	Tacaíocht agus comhordú a thabhairt do na hiascaigh intíre agus iad a chur chun cinn, mar aon le forbairt agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na seacht mBord lascaigh Réigiúnacha agus treoir a thabhairt dóibh.
Boird lascaigh Mhara (7)	Caomhnú, cosaint agus forbairt na n-iascach intíre.
An Coimisiún Náisiúnta Bradán	Comhairlíonn sé an tAire ar acmhainn na n-iascach intíre a bhainistiú, a chosaint agus a fhorbairt.
Bord lascaigh Mhara	Tionscal na hiascaireachta mara agus an tionscal dobharshaothraithe a chur chun cinn agus a fhorbairt.
Institiúid na Mara	Taighde mara a dhéanamh, a chomhordú agus a chur chun cinn in Éirinn.
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (ALAB).	Comhlacht neamhspleách achomhairc i ndáil le dobharshaothrú a cheadúnú.
An Bord Mianadóireachta	Bord neamhspleách a bunaíodh faoi fhorálacha an Achta Forbartha Mianraí (1940). Is é an aidhm atá leis cúiteamh a chinntiú i gcásanna áirithe. Lena chois sin, tá sé freagrach as cinneadh a dhéanamh i dtaca le cé na mianraí atá le fágáil as an áireamh agus ceart eisiach ag an Stát mianraí a oibriú faoin Acht sin.